Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Tuarascáil Bhliantúil 2023

## Clár


Tuarascáil Bhliantúil 2023 ... 13

Réamhfhocal an Mhéara ... 15

Tuarascáil Bhliantúil 2023 – Réamhfhocal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ... 17

Eolas faoin gComhairle ... 22

Ár bpríomhsheirbhísí ... 23

Cruinnithe na Comhairle 2023 ... 25

**Obair an Choiste um Beartais Straitéiseacha ... 25**

An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil ... 34

Gradaim na Comhairle 2023 ... 35

Tuarascáil Bhliantúil Dul Chun Cinn an Phlean Chorparáidigh 2020 – 2024 ... 36

**Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta ... 36**

**Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar ... 39**

**Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Phobail ... 42**

**An Comhshaol, Uisce, agus Athrú Aeráide ... 45**

**Cumas Eagraíochtúil agus Cuntasacht ... 49**

Aguisíní ... 55

**Aguisín 1.1: RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS ... 55**

**Aguisín 1.2: Ráitis Airgeadais ... 60**

**Aguisín 1.2 Siamsaíocht agus Costais Ghaolmhara ... 62**

**Aguisín 2.1: Comhaltaí Tofa Reatha ... 63**

**Aguisín 2.2 Íocaíochtaí a Rinneadh le Comhairleoirí in 2023 ... 64**

**Aguisín 2.3 Ballraíocht na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí Eile ... 65**

**Aguisín 3: Oiliúint agus Comhdhálacha ar ar Fhreastail Comhairleoirí in 2023 ... 73**

**Aguisín 4: Creat um Chomhionannas agus Chearta an Duine Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ... 74**

**Aguisín 5 Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh ... 79**

**Aguisín 6 Nochtuithe Cosanta ... 79**

**Aguisín 7: Táscairí Feidhmíochta Áitiúla 2023 ... 80**

**Aguisín 8 An Fhoireann Ardbhainistíochta ... 82**

# Réamhfhocal an Mhéara

Ba onóir speisialta dom freastal mar chéad saoránach ar Bhaile Átha Cliath Theas ar feadh bliana, bliain iontach spreagúil inar tharla go leor. Thar aon ní eile, bhí sé de phribhléid agam bualadh leis an oiread daoine a oibríonn go deonach inár bpobal agus le gníomhaithe pobail den scoth. Is ar na daoine seo a mhaireann ár gContae agus bhí sé de phribhléid agam comóradh a dhéanamh ar an ról ríthábhachtach atá acu chun a chinntiú gur áit shábháilte, chroíúil agus ionchuimsitheach é Baile Átha Cliath Theas le cur fút ann.

Ní raibh mo chúlra sa pholaitíocht ón tús, is trí fheachtais sochaí sibhialta a thosaigh mé agus tá sé feicthe agam féin go pearsanta, an chumhacht atá ag daoine chun an tsochaí a athrú chun feabhais ón mbonn aníos. Rinne mé iarracht, le linn mo théarma mar Mhéara, fanacht i dteagmháil leis an ngnáthphobal agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus oibriú leo siúd laistigh dár bpobail a thugann a gcuid ama chun ár gContae a fheabhsú agus rinne mé mo dhícheall chun tuilleadh rannpháirtíochta agus cumarsáid níos fearr a chothú idir an t-údarás áitiúil agus na daoine ar a bhfreastalaíonn sé.
Is é an pobal cuisle an rialtais áitiúil agus nuair a toghadh mise mar Mhéara, chuir mé an pobal i gcroílár mo chláir don bhliain. I measc an chéad cheann de na trí thosaíocht a d’aithin mé bhí seasamh comhaontaithe a ghlacadh chun deireadh a chur le réamhchlaonadh agus idirdhealú agus ár n-éagsúlacht a cheiliúradh mar Chontae, agus ní raibh an oiread tábhacht riamh leis sin agus atá faoi láthair, tráth a bhfuilimid ag streachailt leis an méadú leanúnach ar fhuath agus ar mhífhaisnéis. Bhí mé ag obair i ndlúthchomhar le daoine a tháinig isteach inár gContae den chéad uair, agus chonaic mé féin an obair mhór a dhéanann siad ar mhaithe lenár saol sibhialta agus lenár ngeilleagar áitiúil. De réir mar a thugaimid aghaidh ar shéasúr toghcháin, tá dóchas agam mar chéad saoránach daoine ó gach cearn de shaol na polaitíochta a thabhairt le chéile chun seasamh a ghlacadh in aghaidh an chiníochais agus gach cineál idirdhealaithe agus in aghaidh na mífhaisnéise a spreagann iad.

Bhí sé mar phribhléid agam mar Mhéara cuairt a thabhairt ar gach ceann dár nIonaid Phobail agus bualadh leis an oiread foirne, oibrithe deonacha agus gníomhaithe pobail, daoine den scoth a gcruthaíonn a gcuid oibre buntáistí dáiríre, sofheicthe do phobail áitiúla gach lá. Buaicphointe den bhliain ar ndóigh ab ea rolladh amach na n-aontaí sláinte inár nIonaid Phobail agus seoladh éagsúlacht leathan tionscnamh sláinte-bhunaithe lenar léiríodh an ról tábhachtach ar féidir le hIonaid Phobail a bheith acu agus ar cheart dóibh a bheith acu i dtéarmaí shláinte agus shástacht mhuintir an Chontae seo.

Cuid riachtanach den fhorbairt pobail is ea an chumarsáid agus táim thar a bheith mórtasach as na céimeanna móra a tógadh le bliain anuas chun an obair iontach atá á déanamh ag gníomhaireachtaí laistigh den Chontae a thaispeáint agus a chur faoi bhráid na ndaoine. An ceann ba thábhachtaí ar ndóigh ab ea an Lá Teaghlaigh um Sheirbhísí Pobail ar éirigh thar cionn leis agus, tá súil agam, go leanfar de – ócáid a thugann deis do dhaoine na seirbhísí atá ann a thuiscint níos fearr agus bualadh leis na gníomhaireachtaí a oibríonn chomh crua ar a son go léir.

Bhí an chumarsáid freisin i gcroílár an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ritheamar le déanaí agus tá creidiúint mhór ag dul don Stiúrthóir Teresa Walsh agus a foireann iontach as an méid teagmhála a bhí acu leis an bpobal ar mhaithe lenár bhfreagairt ar an éigeandáil aeráide a chur i dtoll a chéile. Bhí sé, braithim, mar shamhail den chaoi ar cheart comhairliúchán poiblí a dhéanamh.

Is cuid riachtanach de phobal ar bith é an spórt, agus ba chúis mór bhróid don Chontae an bhliain seo caite i dtéarmaí a chuid gaiscí ar an bpáirc imeartha, go háirithe maidir le lúthchleasaithe ban. Ba chúis mhór onóir dom ceiliúradh a dhéanamh ar ár lúthchleasaithe móra áitiúla agus is cuí é gur seoladh Baile Átha Cliath Theas Gníomhach i mbliana agus gur cuireadh bailchríoch ar an gCeathrú Seastán ag Staid Thamhlachta, agus léiríonn an dá cheann acu tiomantas chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag lucht spóirt ar na saoráidí is fearr chun go mbeimid mórtasach astu i gcónaí, anseo go háitiúil, agus go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta freisin.

Bliain iontach spreagúil a bhí inti freisin do ghnóthaí áitiúla agus is éacht iontach é an tIonad Nuálaíochta a bheith curtha i gcrích, rud lena gcuirfear tuilleadh leis an méid atá bainte amach ag an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) chomh maith le haird a tharraingt ar athbheochan na ceathrún sibhialta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil agus meas a léiriú don OFÁ, don Rannóg Forbartha Eacnamaíche, Fiontar agus Turasóireachta agus do Chomhlachas Bhaile Átha Cliath Theas as an obair chrua a rinneadar i mbliana ag tacú le fiontraithe áitiúla, cuideachtaí nuathionscanta, agus gnóthaí seanbhunaithe.

Rinneadh iarrachtaí móra freisin i mbliana a chinntiú go bhfuil an Contae inrochtana do chách. Cloch mhíle thábhachtach dár Straitéis um Aoisbháúlacht ab ea seoladh na gcéad tithe aoisbhácha sa Chontae. Tá ár Leabharlanna fós i mbun nuála agus fuair siad moladh mór, moladh is dual dóibh ar ndóigh as an obair iontach atá déanta acu ó thaobh trealamh agus spásanna céadfacha agus a gceannaireacht leanúnach i dtéarmaí an éagsúlacht agus an ionchuimsitheacht a chur chun cinn ar fud an Chontae.

Ba chúis ríméid dom go bhfuair ár spásanna súgartha atá báúil do na céadfaí aitheantas ag na Gradaim um Chathracha Rochtana sa Bhruiséil. Chuige sin, ba mhaith liom ómós a léiriú dár n-iar-Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais agus Comhionannais, Selina Bonnie. Tá lorg a cuid oibre den scoth le feiceáil i ngach coirnéal de Bhaile Átha Cliath Theas agus tá súil agam go dtabharfaidh a sampla spreagadh dúinn leanúint lenár ndícheall a dhéanamh i gcónaí agus muid ag iarraidh a chinntiú go bhfuil ár gContae inrochtana do chách.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Colm Ward as a cheannaireacht den scoth i mbliana agus leis an bhfoireann uilig i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas as an obair foirne a bhí le feiceáil go follasach le bliain anuas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Leas-Mhéara Yvonne Collins as a cuid cairdis agus tacaíochta ar feadh na bliana.

# Tuarascáil Bhliantúil 2023 – Réamhfhocal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Ba bhliain é 2023 ina raibh athruithe agus dúshláin i ndán don Chomhairle, ba dhíol suntais an bhliain freisin de bharr an dul chun cinn leanúnach a rinneadh i gcuid mhaith réimsí i dtreo ár bhfíse maidir le háit bheomhar agus ionchuimsitheach a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath Theas do na daoine a mhaireann ann, a thugann cuairt air, a oibríonn ann agus a dhéanann gnó anseo.

Bhí seachadadh tithíochta fós mar thosaíocht lárnach, agus cuireadh os cionn 1,000 teach nua sóisialta agus inacmhainne ar fáil thar raon sruthanna seachadta, de réir mar a bhaineamar 92% dár spriocanna maidir le tithíocht shóisialta nua amach. Leanadh den aschur ónár dtionscadal comhfhiontair i gCill Chairbre, agus rinneadh dul chun cinn ar fhorbairtí inlíonta éagsúla agus cuireadh i gcrích iad, lena n-áirítear tithe aoisbhácha chun tacú leis an gcoigeartú méide agus chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na háitribh atá ann cheana. Tháinig feabhas suntasach ar ár ngníomhaíochtaí athligin agus athdháileadh 208 teach cónaithe ag agaí slánúcháin laghdaithe, agus ceadaíodh 33 deontas athchóirithe tithe folmha faoin gCiste nua Bailte Cónaithe Croí, a chuidigh chun aghaidh a thabhairt ar fholúntais agus chun úinéireacht tithe a éascú. Rinneadh dul chun cinn freisin ar phleananna tithe don todhchaí, agus cuireadh tús le céimeanna éagsúla de láithreáin de chuid na Comhairle agus láithreáin phríobháideacha i gCluain Buiríosa SDZ, agus tacaíocht acu ó bhonneagar atá fóirdheonaithe trí URDF. Sainaithníodh cúpla láithreán, lena soláthrófar suas le 385 teach cónaithe, le haghaidh na díolúine pleanála sealadaí le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne. Ba chéim mhór don Chomhairle agus don earnáil tús a chur lenár bhforbairt cíosa de réir costais ag Belgard i mí Márta, an chéad scéim dá leithéid atá á maoiniú ag an údarás áitiúil. Cé go bhfuair 246 teaghlach teach trí leithdháiltí agus tacaíocht leis an Íocaíocht um Chúnamh Tithíochta agus go ndearnamar gealltanas os cionn 120 maoin ar cíos a fháil do theaghlaigh faoin scéim tionóntaí *in situ*, fós féin tá easpa dídine ag cur isteach ar chuid mhaith daoine, agus osclaíodh mol nua teaghlaigh i gCluain Dolcáin sa Mhárta chun cóiríocht shealadach, thacúil a chur ar fáil do theaghlaigh áitiúla, atá gar do na tacaíochtaí agus seirbhísí atá ann dóibh. Tá na dúshláin chóiríochta imithe i méid mar gheall ar an líon daoine atá tagtha isteach sa tír, agus táimid fós i gceannas ar an bhfóram freagartha agus lánpháirtithe pobail, ag obair le raon gníomhaireachtaí reachtúla, pobail agus deonacha chun tacaíochtaí lánpháirtíochta agus ceangail le seirbhísí poiblí a chomhordú.

Tar éis dul i dteagmháil leis an bpobal agus dul i mbun comhairliúcháin fhoirmiúil, cuireadh bailchríoch ar ár bPlean Gníomhaithe nua ar son na hAeráide agus tá sé le breithniú ag ár gComhaltaí Tofa. Tógtar é ar ghníomhaíochtaí a aithníodh faoin bplean roimhe sin inar cuireadh tús le Scéim Teasa Ceantair Thamhlachta, le naisc chuig Halla an Chontae agus foirgnimh TUD, roghnaíodh Cluain Dolcáin mar Chrios Dícharbónaithe, seoladh Ciste nua Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fiú €1 mhilliún é, agus ceapadh Oifigeach Fuinnimh le linn 2023. Uasghrádaíodh 163 teach sóisialta faoin gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh náisiúnta agus cuireadh soilse LED in ionad an 2,012 solas poiblí

atá ann cheana agus suiteáladh 20 scairdeán uisce óil poiblí nua. Leathnaíodh ár bPlean Mórbhainistíochta Éigeandála chun fo-phleananna a áireamh le haghaidh eachtraí tuilte éigeandála agus fíordhrochaimsir, agus leanadh den obair ar mhórscéimeanna faoisimh tuilte, agus chuaigh an obair thógála agus dheartha faoi Scéim an Teampaill Ghil ar aghaidh le haghaidh Scéimeanna an Phoitéil agus na Camóige. Rinneamar obair mhór ar ár gclár taistil ghníomhaigh agus Rothaíochta i mBaile Átha Cliath Theas, agus tacaíocht aige le hinfheistíocht €22.3 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus maoiniú breise ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuireadh 15km de bhealaí rothaíochta agus 7km de cheangail nua siúlóide i gcrích, lena n-áirítear Bóthar na Gráinsí, Céim 4 de Ghlasbhealach Ghleann na Dothra, scéimeanna taistil ghníomhaigh Bhaile an Teampaill agus Bhóthar Ghrífín, agus leanadh den obair dheartha le haghaidh 85km de bhealaí nua agus feabhsaithe. Tosaíodh ar oibreacha "sráide scoileanna" freisin in 2023 in Achadh an Tobair, An Seanbhábhún, Cluain Dolcáin agus Baile Phámar. D'oibríomar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le hIarnród Éireann ar bhealaí nua Bus Connects agus Scéim Iardheisceart DART+, chomh maith le cúnamh a thabhairt d'Iarnród Éireann leis an uasghrádú a rinneadar ar stáisiún traenach na Ciseoige. Thosaíomar ag cur ár bPlean nua Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhfeidhm agus osclaíodh Bóthar Ceangail Chill Droichid i mBaile Adaim i mí an Mheithimh agus leanadh de na hoibreacha ar an tSráid Ceangail ó Dheas i gCluain Buiríosa SDZ, agus cúnamh maoinithe ag an dá cheann ón Roinn. Rinneadh dul chun cinn freisin ar an dearadh agus soláthar don síneadh ar Bhóthar Airton i mBaile an Chócaigh chun oibreacha a chur ar bun go luath in 2024.

Bhí tuairisc monatóireachta 'Bhliain a hAon' le haghaidh an Phlean Forbartha Contae nua á hullmhú ag deireadh na bliana agus tionscnaíodh próiseas éagsúlaithe le haghaidh *City Edge.* Cuireadh comhairliúchán poiblí neamhfhoirmiúil ar bun le haghaidh Phlean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin agus fuarthas os cionn 700 aighneacht. Cuireadh an mhapáil agus an comhairliúchán le haghaidh Cáin Talún Criosaithe Cónaitheach i gcrích freisin, agus cuireadh an obair ar bun ar athbhreithniú cuimsitheach ar thalamh úsáide agus ar riachtanais ar fud an Chontae amach anseo. I measc an fhócais a bhí againn ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar chruthú post bhí pleananna méadaithe le haghaidh Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí, a cuireadh faoi bhráid comhaltaí tofa sa Mheitheamh inar tugadh cuntas ar an bhféidearthacht le haghaidh suas le 12,000 post nua. Fuarthas ceadú ina dhiaidh sin le haghaidh diúscairt Alt 183 le haghaidh láithreán 85 acra le haghaidh mór-shaoráid cógaisíochta i gCaisleán na Gráinsí, agus bogadh an fhorbairt le haghaidh páirc meán beartaithe ansin i dtreo chéim an iarratais pleanála agus thug ár gcliaint faoi mhóroibreacha forbartha breise laistigh den pháirc ghnó. Cuireadh an Máistirphlean don Dara Loc Déag le haghaidh ceathrú nua bríomhar eacnamaíoch, cultúrtha, agus sóisialta faoi bhráid na Comhairle i mí Feabhra agus cuireadh bailchríoch ar an Lárionad Nuálaíochta Oibre IQ i dTamhlacht agus spás nua 3,000 méadar cearnach ann d'fhiontraithe agus do chuideachtaí nuathionscanta atá le hoscailt go hoifigiúil in 2024. Lean ár bhfoireann OFÁ ag soláthar raon clár spriocdhírithe chomh maith le 93 Dearbhán Trádála Ar Líne a bhronnadh. Cheadaigh an Coiste Meastóireachta agus Ceadanna OFÁ 27 tionscadal agus 47 post nua lánaimseartha a bhí le fostú

láithreach agus bhí go leor ócáidí ar siúl le linn na Seachtaine Fiontraíochta Áitiúla sa Mhárta lena n-áirítear ár nGradaim Fiontraíochta Áitiúla.

Glacadh Straitéis Turasóireachta cúig bliana don Chontae i mí na Nollag inar tugadh cuntas ar ár dtosaíochtaí forbartha turasóireachta straitéiseacha amach anseo. Roghnaíodh comhpháirtithe le haghaidh Tionscadal Clóis agus Stáblaí Chaisleán Ráth Fearnáin, chuaigh comhairleoirí ar aghaidh go dtí an dearadh mionsonraithe le haghaidh Ionad Cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus d'éirigh le hIonad Oidhreachta Thamhlachta cead pleanála Chuid 8 a fháil i mí Dheireadh Fómhair. Thug os cionn 100,000 duine cuairt ar Bhrú Chrónáin - Ionad Cuairteoirí an Chloigthí agus osclaíodh Siopa nua Dearaidh agus Ceardaíochta ann i mí na Nollag agus thugamar gealltanas go gceannóimis Teach Leamhcáin. Thacaíomar freisin le himeachtaí agus féilte éagsúla agus rinneamar óstáil ar Mhargadh Bia agus Ceardaíochta Faoin Spéir Pháirc Thigh Motháin áit ar thug os cionn 20,000 duine cuairt air agus ar Mhargadh na Nollag Chaisleán Ráth Fearnáin ar ar fhreastail os cionn 3,000 duine. Leanadh de scéimeanna éagsúla feabhsúcháin ceantair, agus tugadh scéim feabhsúcháin Cheantar Dúiche Chaisleán Thigh Motháin chun críche a bheag nó mhór, fuarthas cead pleanála Chuid 8 le haghaidh Cheantar Dúiche Chnocán na Rós, seoladh an comhairliúchán poiblí chun Ceantar Dúiche Bhánóige a fheabhsú agus leanadh den obair dheartha le haghaidh Cheantar Dúiche Bhaile an Dodaigh. Tugadh na móroibreacha réimse phoiblí timpeall ar Halla an Chontae i dTamhlacht beagnach chun críche agus tá an soláthar don obair fheabhsúcháin ar Shráidbhaile Leamhcáin faoi lán seoil. Cuirfear leis na feabhsúcháin sin ar bhailte, sráidbhailte agus lár ceantair agus ar rogha limistéar réimse phoiblí nuair a chuirfear an Plean nua Bainistíochta Bruscair i bhfeidhm, arna ghlacadh i mí Dheireadh Fómhair.

De thoradh imeachtaí geopholaitiúla níos leithne, in éineacht le tuilleadh saincheisteanna áitiúla lena n-áirítear fáil a bheith ar chonraitheoirí agus soláthar saothair, bhí tionchar acu sin ar amlínte tógála agus ar chostas de réir mar a d'fhéachamar lenár gclár caipitil a leathnú. In ainneoin na ndúshlán sin, áfach, seachadadh cuid mhaith tionscadal bonneagair nua áineasa agus pobail lena n-áirítear uasghrádú agus leathnú ar Staid Thamhlachta, páirc shaorga 3G Sheáin Bhreathnaigh, (maoiniú ag an dá cheann faoi URDF), Páirc nua Airlie (le tacaíocht ó LIHAF), lena páirc shaorga 3G, pailliún athraithe, caifé agus neart saoráidí eile, agus athchóiriú ar Theach Cúirte Ráth Cúil (le tacaíocht ón gCiste um Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte). Chuireamar bailchríoch freisin ar spásanna súgartha éagsúla, spásanna do dhéagóirí, cúirteanna leadóige agus cispheile, pumpraon BMX agus raon lúthchleasaithe agus roinnt tionscadal faoi Chiste Aitheantais Forbartha Pobail agus Tuaithe i limistéir a raibh tionchar ag daoine a tháinig isteach i gceantar orthu. Cuireadh tús leis an tógáil ar Ionad Idirghlúine Theach Mealóg i bPáirc Thigh Motháin agus leanadh de na hoibreacha ar Linn Snámha Leamhcáin, ar Ionad Pobail Theach Scoile Theach Sagard, agus ar Ionad Aoisbhách Chluain Dolcáin. D'fhógair muid pleananna le haghaidh leabharlann nua in Iarthar na Cathrach, cuireadh tús le mór-uasghráduithe páirce i bPáirc Chorcaí, Páirc Chill an Ardáin agus Sruthán Bhaile an Fhaoitigh, agus bronnadh cead pleanála Chuid 8 le haghaidh oibreacha feabhsúcháin ag Páirc Ráth Miontáin, Páirc Ghleanntáin an Choiréil agus Páirc na Carraige Móire. Leanadh den dul chun cinn freisin ar ár bPlean Gníomhaíochta um Pailneoirí le síneadh 167

heicteár ar mhóinéar bliantúil agus limistéir mhóinéir blátha shealadacha. In éineacht leis an infheistíocht sin i mbonneagar pobail agus áineasa, thugamar isteach acmhainneacht shuntasach agus tacaíochtaí eile le haghaidh boird bhainistíochta ionad pobail, agus ceadaíodh os cionn €1.2 milliún i ndeontais phobail agus spóirt mar chuid dár n-athstruchtúrú forbartha pobail. Bhí ár bPlean Gníomhaíochta Coirp agus Spóirt le haghaidh Bhaile Átha Cliath Gníomhach a seoladh i mí na Samhna ar an gcéad straitéis den sórt sin san earnáil rialtais áitiúil agus chuir ár bhfoireann Éire Sláintiúil agus Sláintecare raon tionscnamh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sláinte, bochtaineacht fuinnimh agus sábháilteacht pobail. Seoladh ár bPlean Forbartha Leabharlainne nua, “Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí”, i Leabharlann Thamhlachta agus d’fhreastail beagnach 2,000 duine ar Lá Spraoi don Teaghlach. Thug 384,965 duine cuairt ar ionaid ealaíon sa Chontae agus óstáladh 42 imeacht den Fhéile Leabhar Red Line i mí Dheireadh Fómhair agus d’fhreastail 2,934 duine air. D’fhreastail 21,540 duine ar ár gClár Beo Bhaile Átha Cliath Theas. Bhí an Oíche Chultúir sa Cheathrú Cultúrtha, Féile Cheoil Leanaí Leamhcáin Ruaille Buaille, Cruinniú na nÓg, agus Music Generation i measc ár n-imeachtaí agus ár gcláir ar éirigh thar cionn leo.

Cé go bhfuil roinnt buaicphointí aibhsithe agam thuas, tá i bhfad níos mó sonraí sa tuarascáil seo agus fuair cuid mhaith dár dtionscnaimh aitheantas, a bhí tuillte go maith acu, trí na gradaim éagsúla a bronnadh orthu mar a choimrítear i nGradaim na Comhairle 2023 ar leathanach 23. Ar ndóigh is léir leis sin tiomantas, cumas agus nuálaíocht ár bhfoirne a chuireann raon ollmhór seirbhísí agus tionscadal ar fáil ar chaighdeáin an-ard fiú in ainneoin deacrachtaí earcaíochta agus athrú foirne ar a ndearnadh trácht mór. D’fhostaíomar 139 ball foirne nua in 2023, fuair 86 ball foirne reatha ardú céime, agus rinneamar iniúchadh ar thionscnaimh earcaíochta bhreise lena n-áirítear Clár Céimithe WAM, comhpháirtíochtaí eile do chéimithe le hollscoileanna agus clár Cúrsa Oiliúna d’Oibrithe Ginearálta. Socraíodh go leor tionscnamh rannpháirtíochta, tacaíochta agus folláine foirne lena n-áirítear beagnach 400 clár oiliúna agus forbartha foirne agus clár nua ionduchtúcháin d’fhostaithe. D’fhoilsíomar freisin Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023 agus leanamar lenár ngníomhaíochtaí ón Straitéis Nuálaíochta, lena n-áirítear gradaim nuálaíochta foirne bhliantúla, agus chuir an Fóram Faisnéise agus Comhairliúcháin Foirne, a raibh sé chruinniú acu, rannpháirtíocht fostaithe agus dea-chleachtais bainistíochta athraithe chun cinn. D’fhág feabhsúcháin bainistíochta fiachais gur bailíodh €9.5 milliún breise i rátaí tráchtála agus bailíodh os cionn €141 milliún ar an iomlán agus mhéadaigh an bailiú cíosanna difreála tithíochta freisin de bhreis is 10% go dtí os cionn €31.3 milliún.

Bíonn saoránaigh agus pobail rannpháirteach go bríoch inár ngníomhaíochtaí i gcónaí, rud a bhfuilimid tiomanta dó, agus leathnaíomar seirbhísí ar líne leis an ríomhphleanáil ag dul beo, le feabhsúcháin ar ár gclárú soláthróirí, comhairliúchán poiblí agus tairseacha tithíochta ar líne. Osclaíodh ár nIonad nua Custaiméirí Tithíochta i mí Iúil, agus tá os cionn 12,000 úsáideoir Tithíochta Ar Líne cláraithe anois agus tugadh isteach ar gcóras áirithinte ar líne inár n-ionad pobail i 23 ionad, ag cuidiú le 37,000 duine úsáid a bhaint as saoráidí pobail. Leathnaíomar ár sonraí oscailte freisin, lena n-áirítear mapáil torainn a

fhoilsiú don Chontae agus feabhsaíodh ár ndeais monatóireachta feidhmíochta i gcomhar leis na Comhaltaí Tofa. Leis an tionscnamh ‘Have Your Say’ ar fiú €300,000 é le haghaidh Thamhlacht Theas agus Theach Sagard cinneadh na deich dtionscadal bhuacacha le beagnach 10,000 vóta a caitheadh i mí an Mheithimh agus cuireadh i dtábhacht lenár rannpháirtíocht in #YourCouncilDay i mí an Mheithimh agus le Lá Spraoi na Seirbhísí Poiblí sa Chearnóg i mí Iúil an raon oibre atá ar siúl againn agus éagsúlacht na hoibre sin.

Léiríonn an dul chun cinn leanúnach thar chuid mhaith réimsí tábhachta dár saoránaigh le linn 2023 tiomantas agus rannpháirtíocht dhearfach ár gComhaltaí Tofa a bhfuiltear an-bhuíoch as a dtacaíocht leanúnach.

# Eolas faoin gComhairle

Bunaíodh Comhairle Contae Átha Cliath Theas, atá 30 bliain ar an bhfód anois, ar an Satharn, 1 Eanáir 1994 agus feidhmíonn an Chomhairle i limistéar 222.74 ciliméadar cearnach. Tá sé faoi theorainn chathair Bhaile Átha Cliath soir ó thuaidh, Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Contae Chill Mhantáin ó dheas, Abhainn na Life ó thuaidh agus í á scaradh ó Fhine Gall agus Contae Chill Dara ag dul siar.

Tá daonra 301,075 sa Chontae anois ag cur fúthu in 106,074 teach cónaithe de réir thorthaí dhaonáireamh 2022, ag léiriú méadú 8% ar an daonra ón daonáireamh roimhe sin in 2016.

Tá 40 Comhalta Tofa ar an gComhairle atá scaipthe ar fud seacht dtoghcheantar agus is iad na comhaltaí a thoghann an Méara gach bliain. In éineacht leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, déanann sé Choiste um Beartas Straitéiseach beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá Comhaltaí Tofa agus ionadaithe ó na hearnálacha gnó, feirmeoireachta, comhshaoil, pobail agus ceardchumainn ar na coistí.

# Ár bpríomhsheirbhísí

Seo a leanas na cúig réimse seirbhíse atá againn:

## Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta

- Forbairt eacnamaíoch agus cur chun cinn an chontae ó thaobh na hinfheistíochta de
- Forbairt agus tacaíochtaí fiontair
- Bainistíocht sócmhainní
- Seirbhísí leabharlainne, an oifig ealaíon agus bonneagar cultúrtha
- Cur chun cinn an Chontae agus forbairt turasóireachta

## Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar

- Bainistíocht forbartha
- Réamhphleanáil
- Tógáil agus cothabháil bóithre
- Bainistíocht tráchta
- Soilsiú Poiblí
- Rialú tógála
- Cur chun cinn na hoidhreachta agus an chaomhantais

## Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Pobail

- Clár tithíochta sóisialta
- Leithdháiltí, cothabháil agus athchóirí tithíochta
- Seirbhísí sóisialta, bainistiú eastát agus forbairt phobail
- Tionscnaimh aoisbháúla agus cuimsithe shóisialta
- Cláir spóirt agus tionscnaimh sláinte agus folláine

## An Comhshaol, Uisce agus Athrú aeráide

- Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó
- Bainistíocht móréigeandála
- Dramhaíl agus forfheidhmiú
- Seirbhísí uisce agus draenála
- Seirbhísí tréidliachta
- Bainistiú agus cothabháil an réimse phoiblí

## Cumas eagraíochtúil agus Cuntasacht

- Seirbhísí corparáideacha

- Bainistíocht acmhainní daonna
- Bainistíocht airgeadais
- Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide
- Seirbhísí ailtireachta
- Seirbhísí dlí

# Cruinnithe na Comhairle 2023

Bhí 106 cruinniú den Chomhairle iomlán, den Choiste um Eagrú, Nós Imeachta agus Airgeadas, den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (CPG) agus de na Coistí Ceantair ag a raibh:

- 11 Chruinniú den Chomhairle Contae
- Cruinniú Bliantúil amháin
- Cruinniú Speisialta amháin den Chomhairle Contae
- Cruinniú amháin maidir leis an mBuiséad Bliantúil
- Sé Chruinniú den Choiste um Eagrú, Nós Imeachta agus Airgeadas (lena n-áirítear 1 Chruinniú Speisialta ar Bhuiséad)
- 11 chruinniú den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh
- Bhuail na ceithre Choiste Ceantair le chéile:
    - 10 gcruinniú i Ráth Fearnáin/Teach Mealóg/Teach na Giúise-Bóthar na Bruíne
    - 10 gcruinniú i gCluain Dolcáin, sa Chaisleán Nua, Ráth Cúil, Teach Sagard/sa Bhriotás
    - 10 gcruinniú i Leamhcán/Baile Phámar/Cluain Dolcáin Thuaidh
    - 10 gcruinniú den Choiste Ceantair i dTamhlacht

Ina theannta sin:

- bhí 25 cruinniú thar na sé Choiste um Beartais Straitéiseacha
- Bhí 4 chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta
- Bhí 4 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta
- Bhí 2 chruinniú ag Comhaltaí an Oireachtais

# Obair an Choiste um Beartais Straitéiseacha

## CBS um na hEalaíona, Cultúr, An Ghaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna

### Comhaltaí na Comhairle

- Gus O'Connell (Neamhspleách) - Cathaoirleach
- Mick Duff (Neamhspleách)
- Kenneth Egan (Neamhspleách)
- Alan Hayes (Neamhspleách)
- Teresa Costello (Fianna Fáil)

- Mark Lynch (An Páirtí Glas)

### Comhaltaí Earnála

- An tUas. Freda Manweiler - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

| Dáta an Chruinnithe | Sonra |
|---|---|
| 03/05/2023 | |
| | Amharclann an Phobail – An Stiúrthóir Ealaíonta Donal Shiels á chur in aithne |
| | An Oifig Ealaíon – clár Chruinniú na nÓg 2023 |
| | Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí – Seaimpíní SDL<br>i. Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht<br>ii. Nuálaíocht agus Cruthaitheacht |
| | Cumarsáid Chorparáideach – Uasdátú ar Acht na Gaeilge |
| | Míreanna Gníomhaíochta |
| | AOB |
| 06/09/2023 | |
| | Dréachtphlean Áitiúil, Eacnamaíoch agus Pobail |
| | Cur i Láthair Rua Red |
| | Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí – Seaimpíní SDL<br>i. Oidhreacht agus Comhfhorbairt Áite<br>ii. For-rochtain agus Rannpháirtíocht |
| | Threading the Tower – Cloigtheach Chluain Dolcáin á shamhlú as an nua |
| | Uasdátú ar Fhorbairtí Caipitil na Leabharlann |
| | Míreanna Gníomhaíochta |
| | A.O.B. |
| 01/11/2023 | |
| | Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí – Seaimpíní SDL Litearthacht agus an Ghaeilge |
| | Éire Ildánach - Uasdátú ar an gClár |
| | Clár Caipitil na Leabharlann: Leabharlann Iarthar na Cathrach |
| | Míreanna Gníomhaíochta |
| | AOB |

## CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireacht

### Comhaltaí na Comhairle

- Cathal King (Sinn Féin) – Cathaoirleach
- Lynn McCrave (Fine Gael)
- Ronan McMahon (Neamhspleách)
- Leah Whelan (Dlúthpháirtíocht)
- Ed O'Brien (Fianna Fáil)

- Louise Dunne (Sinn Féin)
- Liona O'Toole (Neamhspleách)
- Pamela Kearns (Lucht Oibre)

## Comhaltaí Earnála

- Jack McDonnell - TUD Tamhlacht
- Mickael Noonan - PPN
- Sherri Brennan - Comhlachas Gnó Tráchtála

| Dáta | Sonra |
|---|---|
| **08/02/2023** | |
| | Oifig Fiontair Áitiúil – Athbhreithniú Deireadh Bliana<br>Buaiteoir 2022 an Deontais Aghaidh Siopa |
| | Uasdátú ar an Ionad Nuálaíochta<br>a. Uasdátú ar Fhoirgnimh<br>b. Tograí maidir le Suíomh Gréasáin Oibre IQ |
| | Máistirphlean/Brandáil Chaisleán na Gráinsí Thiar<br>a. Tograí maidir leis an suíomh gréasáin |
| | An scéal is déanaí ar Dhul Chun Cinn Staid Thamhlachta |
| | A.O.B.<br>a. Uasdátú ar amlínte don Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail |
| **10/05/2023** | |
| | Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas – Cur i láthair leis an gComhlachas agus Ceisteanna/Freagraí ina dhiaidh sin |
| | Ionad Oidhreachta - Uasdátú ar dhul chun cinn |
| | Ionad Nuálaíochta - Dul Chun Cinn agus na chéad chéimeanna eile |
| | A.O.B<br>a. Aisdúichiú ar chorp Patrick Sarsfield |
| **13/09/2023** | |
| | Dréachtphlean Áitiúil, Eacnamaíoch agus Pobail |
| | PÁEP - Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil |
| | Uasdátú ar na tionscadail<br>a. Clós agus Stáblaí an Chaisleáin, Ráth Fearnáin<br>b. Ionad Cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath<br>c. Ionad Nuálaíochta<br>d. Dara Loc Déag |
| | A.O.B. |
| **08/11/2023** | |
| | Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail<br>Sonraí socheacnamaíocha uasdátaithe le haghaidh Bhaile Átha Cliath Theas / Spriocanna Ardleibhéil agus comhthéacs don Bheartas Náisiúnta agus Réigiúnach<br>An chéad chéim eile den phróiseas comhairliúcháin |
| | Uasdátú ón Oifig Fiontair Áitiúil |
| | Uasdátú ar Thurasóireacht |

| | |
|---|---|
| | A.O.B. |

## CBS um Chomhshaol, an Réimse Poiblí agus Athrú Aeráide

### Comhaltaí na Comhairle

- David McManus (Fine Gael) - Cathaoirleach
- Emma Murphy (Fianna Fáil)
- Dermot Richardson (Sinn Féin)
- Madeleine Johansson (Dlúthpháirtíocht)
- Francis Timmons (Neamhspleách)
- Alan Edge (Neamhspleách)
- Vanessa Mulhall (An Páirtí Glas)

### Comhaltaí Earnála

- Una Ruddock - PPN
- Deirdre Mooney - An Lucht Gnó
- Donnie Andersen - Talmhaíocht agus Feirmeoireacht

| **Dáta** | **Sonra** |
|---|---|
| **07/02/2023** | |
| | Plean Gníomhaíochta um Thorann Comhshaoil 2023-2027 |
| | Plean Gníomhaíochta agus Cur Chun Feidhme don Athrú Aeráide |
| | An Geilleagar Ciorclach agus Gníomhaíochtaí Feasachta Comhshaoil |
| | Beartas Leithdháiltí CCBÁCT |
| | A.O.B. |
| **02/05/2023** | |
| | Plean nua Bainistíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach/Tuarascáil de chuid na hOifige Réigiúnaí Bainistíochta Dramhaíola |
| | An Straitéis Athchúrsála Pobail |
| | Uasdátú ar Straitéis Luchtaithe FL an Údaráis Áitiúil |
| | Uasdátú ar an dul chun cinn ar Phlean Gníomhaíochta 2023-2029 um Athrú Aeráide |
| | A.O.B. |
| **05/09/2023** | |
| | Uasdátú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail |
| | Uasdátú ar an bPlean Gníomhaíochta 2024-2029 um Athrú Aeráide |
| | Tionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath |
| | Cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 |
| | Uasdátú ar Fhorfheidhmiú Dramhaíola |
| | A.O.B |
| **06/11/2023** | |
| | Scéimeanna um Fhaoiseamh ó Thuilte agus Uisce Dromchla |
| | Athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair (PBB) 2020-2022 & Dréachtphlean le haghaidh 2023-2025 |
| | An Straitéis Athchúrsála Pobail |

| | |
|---|---|
| | Athbhreithniú ar Fhodhlíthe Corrthrádála reatha |
| | Athbhreithniú ar Chlár CBS 2023 agus comhaontú maidir le clár 2024 |
| | A.O.B. |
| **13/12/2023** | |
| | Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 |
| | A.O.B. |

## CBS um Thithíocht

### Comhaltaí na Comhairle

- Charlie O'Connor(Fianna Fáil) – Cathaoirleach
- Laura Donaghy (An Páirtí Glas)
- Kieran Mahon (Dlúthpháirtíocht)
- Joanna Tuffy (Lucht Oibre)
- Shane Moynihan (Fianna Fáil)
- William Carey (Sinn Féin)
- Brian Lawlor (Fine Gael)

### Comhaltaí Earnála

- Betty Tyrrell-Collard - Ceardchumann
- Sharon Harty - PPN
- Gerry Stockil - PPN

| **Dáta** | **Sonra** |
|---|---|
| **16/02/2023** | |
| | Nithe a tháinig chun cinn |
| | Clár oibre CBS um Thithíocht 2023 |
| | Seachadadh Tithíochta |
| | Leithdháiltí & Coigeartú méide |
| | Tithe Folmha |
| | An chéad chéim eile den Cheannach Tithe Inacmhainne – Cill Chairbre |
| | Tionscnamh Píolótach Ligin Rogha-Bhunaithe de Chóiríocht an Lucht Siúil |
| | Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta i mBaile Átha Cliath Theas (réamhthaifeadta) |
| | Míreanna le Tabhairt ar Aird:<br><br>a. Meabhrán Tuisceana AHB Communications<br>b. Uasdátú ar Athligin<br>c. Tuarascáil Dul Chun Cinn ar Chláir Chothabhála Beartaithe<br>d. Cigireachtaí Cíosa (Tuarascáil Chríochnaitheach 2022)<br>e. Deontais Tithíochta (Tuarascáil Chríochnaitheach 2022)<br><br>f. Iasacht Tí Údaráis Áitiúil (Tuarascáil Chríochnaitheach 2022) |

| | |
|---|---|
| | Míreanna arna n-iarraidh ag Comhaltaí:<br><br>a. G. Stockil: Nithe maidir le Sábháilteacht Dóiteáin<br>b. An Comh. William Carey |
| **30/05/2023** | |
| | Nithe a tháinig chun cinn |
| | Seachadadh Tithíochta |
| | Coigeartú méide |
| | Tuarascáil ar Leithdháiltí (réamhthaifeadta) |
| | Deontais Tithíochta Príobháidí agus do Dhaoine Scothaosta |
| | Míreanna le tabhairt ar aird<br><br>(a) Deontas um Thithe Folmha<br>(b) Scéim Tionónta in Situ<br>(c) Tithíocht Inacmhainne – Cill Chairbre Céim 2<br>(d) Uasdátú ar Athligin<br>(e) Grúpa Stiúrtha Míchumais Tithíochta Miontuairiscí agus Cuir i Láthair<br>(f) Ceannach Tionónta Incrimintigh |
| | Míreanna arna n-iarraidh ag comhaltaí<br><br>(a) An Comh. Joanna Tuffy<br>(b) G. Stockil - Míreanna le plé leis an bPríomhoifigeach Dóiteáin Cúnta<br><br>Agaí Freagartha<br>Ardúigh Thirime agus nithe gaolmhara<br>Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath - Comhairliúchán Poiblí maidir leis an bPlean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - Spás Saoránach |
| **14/09/2023** | |
| | Nithe a tháinig chun cinn |
| | Tuarascáil ar Sheachadadh Tithíochta (réamhthaifeadta) |
| | Tuarascáil ar Leithdháiltí |
| | Cothabháil Phleanáilte/ERP |
| | Nithe le tabhairt ar aird:<br>(i) Tionónta in Situ<br>(ii) Tithíocht Inacmhainne<br>(iii) Athligin<br>(iv) Grúpa Stiúrtha Míchumais Tithíochta<br>(v) Iasachtaí Carbhán<br>(vi) URDF gairm 3<br>(vii) Ionad Nua Custaiméirí um Thithíocht |
| | Míreanna arna n-iarraidh ag comhaltaí:<br><br>1) An Comh. William Carey<br><br>Ceist: Go gcuirfí plé ar bun ag an gcruinniú seo de na fiúntais a bhaineann leis na teaghlaigh sin go léir a chónaíonn faoi chonarthaí RAS faoi láthair rochtain iomlán a fháil ar chóras CBL agus gur cheart moladh a chur chun cinn go mbeadh cruinniú iomlánaíoch den chomhairle ann chun an gníomh sin a bhrostú. |
| **22/11/2023** | |

| | |
|---|---|
| | Nithe a tháinig chun cinn |
| | Tuarascáil ar Sheachadadh Tithíochta (Réamhthaifeadta). |
| | Tuarascáil ar Leithdháiltí |
| | Uasdátú ar Thithíocht Inacmhainne- (Réamhthaifeadta) |
| | Foghrúpa Cóiríochta um Fhoréigean Baile, Gnéis agus Inscne-Bhunaithe |
| | Nithe le tabhairt ar aird:<br><br>(i) Uasdátú ar Chothabháil Phleanáilte<br>(ii) Scéim um Seomra ar Cíos do Mhac Léinn<br>(iii) Áireamh an Lucht Siúil<br>(iv) Grúpa Stiúrtha Míchumais Tithíochta<br>(v) Cigireachtaí ar Chíos Príobháideach |
| | Aon Ghnó Eile |

## CBS Sóisialta, Pobail agus Comhionannais

### Comhaltaí na Comhairle

- Trevor Gilligan (Fianna Fáil) - Cathaoirleach
- Paddy Holohan (Sinn Féin)
- Vicki Casserly (Fine Gael)
- Shirley O'Hara (Fine Gael)
- Lilian Guéret (Fianna Fáil)
- Justin Sinnott (Daonlathaigh Shóisialta)

### Comhaltaí Earnála

- Lynn Byrne - PPN
- Daire Hennessy – PPN

| Dáta | Sonra |
|---|---|
| **21/02/2023** | |
| | Nithe a tháinig chun cinn |
| | Clár oibre 2023 |
| | Clár Chomhairle na nÓg 2023 |
| | Plean Spóirt Áitiúil |
| | Deontais Phobail 2023 lena n-áirítear An Ciste Aitheantais Pobail |
| | Tionscadail Sláintecare |
| | Comhairle Aoisbháúil do Dhaoine Scothaosta |
| | Tionscnaimh Chomhionannais |
| | Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail |
| **16/05/2023** | |
| | Nithe a tháinig chun cinn |
| | Uasdátú maidir le Tionscadail Chaipitil - réamhthaifeadta |
| | Uasdátú ar dhul chun cinn an Phlean Áitiúil, Eacnamaíoch agus Pobail |

| | |
|---|---|
| | Uasdátú ar Éire Sláintiúil |
| | Uasdátú ar Fhorbairt Pobail |
| | Coigeartú Méide Aoisbháúil (Ceisteanna Coitianta) |
| | Tuarascálacha/Uasdátuithe le lua:<br>Clár Chomhairle na nÓg 2023<br>Baile Átha Cliath Theas Gníomhach – Plean Áitiúil Gníomhaíochta Spóirt agus Coirp 2023-2027<br>Deontais Bonneagair Pobail<br>Lá Seirbhísí Poiblí Pobail |
| **19/09/2023** | |
| | Nithe a tháinig chun cinn |
| | Uasdátú ar Thionscadail Chaipitil |
| | Uasdátú ar dhul chun cinn an Phlean Áitiúil, Eacnamaíoch agus Pobail |
| | Tuarascáil ar Dheontais Pobail |
| | Tuarascáil ar an Lá Seirbhísí Pobail |
| | Uasdátú ar Lánpháirtíocht - Tuarascáil Taighde *Connect the Dots* |
| | Tuarascáil ar Sheirbhísí Spóirt |
| | Tionscadal Sláinte agus Folláine |
| **21/11/2023** | |
| | Nithe a tháinig chun cinn |
| | Uasdátú ar an gCiste Aitheantais Pobail |
| | Ciste Tacaíochta Bainistíochta don Ionad Pobail |
| | Tionscadal píolótach - Turas Fíorúil den Ionad Pobail |
| | Tionscnaimh Aoisbháúla 2023 |
| | Nithe le tabhairt ar aird:<br>Plean Gníomhach – nasc chuig an bplean deiridh agus cóip chrua le scaipeadh orthu siúd a bhí i láthair<br>Uasdátú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail<br>Uasdátú ar Thionscadal Caipitil |

## CBS um Talamhúsáid, Iompar agus Pleanáil

### Comhaltaí na Comhairle

- Lyn Hagin Meade (Páirtí Glas) - Cathaoirleach

- Paul Gogarty (Neamhspleách)
- Derren Ó Brádaigh (Sinn Féin)
- Baby Pereppadan (Fine Gael)
- Eoin Ó Broin (Neamhspleách)
- Yvonne Collins (Fianna Fáil)

### Comhaltaí Earnála

- Eoin Ahern - PPN

| Dáta | Sonra |
|---|---|
| **23/02/2023** | |
| | Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe |
| | Plean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin - rannpháirtíocht luath |
| | Leasú ar SDZ Bhaile Adaim |
| | Bus Connects - uasdátú ar an iarratas pleanála |
| | Uasdátú ar an mBille um Pleanáil agus Forbairt, 2023 |
| **25/05/2023** | |
| | CySD - Uasdátú Bhliain 2 |
| | *City Edge* - Leagan éagsúil de Phlean Forbartha an Chontae |
| | Athbhreithniú ar an bPlean Oidhreachta |
| | Sábháilteacht ar Bhóithre - Athbhreithniú ar Thrasnuithe an Mhaoir Scoile |
| | Uasdátú ar Phlean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin |
| **05/10/2023** | |
| | *City Edge* - Uasdátú |
| | Socrúcháin Inbhuanaithe agus Dlúite Dréacht-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála - |
| | An tAcht um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre, 2023 - Uasdátú ar na príomhathruithe ábhartha |
| | Dréacht-Straitéis Luchtaithe FL an Rialtais - Uasdátú |
| | Plean Oidhreachta - Uasdátú |
| **30/11/2023** | |
| | Uasdátú ar Chur i bhFeidhm an Phlean Oidhreachta |
| | Uasdátú ar Chur i bhFeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht |
| | Uasdátú ar Phlean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin |
| | Athbhreithniú ar an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha 2021-2025 |
| | Oifig an Rialálaí Pleanála (OPR) Clár Athbhreithnithe - CCÁCT |
| | Uasdátú ar *City Edge* |
| | |

# An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil

| **Dáta** | **Sonra** |
|---|---|
| **09/02/2023** | |
| | Tuarascáil Dhul Chun Cinn TAP |
| | Meastachán Bliantúil maidir le Teaghlaigh den Lucht Siúil |
| | Scéim Iasachta Carbhán |
| | Tuarascáil an Fhoghrúpa Bainistíochta Láithreáin agus Dramhaíola |
| | Tuarascáil ar Shábháilteacht Dóiteáin |
| **04/04/2023** | |
| | Tuarascáil Dhul Chun Cinn TAP |
| | Céide an tSeanchaisleáin - Uasdátú ERRP |
| | Tuarascáil ar Shábháilteacht Dóiteáin |
| | Tuarascáil Bainistíochta Láithreáin agus Dramhaíola |
| **08/06/2023** | |
| | Tuarascáil Dhul Chun Cinn TAP |
| | Tuarascáil Bainistíochta Láithreáin agus Dramhaíola |
| | Tuarascáil ar Shábháilteacht Dóiteáin |
| | Plean Gníomhaíochta Comhionannais i ndáil le Cóiríocht don Lucht Siúil |
| **07/09/2023** | |
| | Tuarascáil Dhul Chun Cinn TAP |
| | IHREC |
| | Tuarascáil ar Shábháilteacht Dóiteáin |
| | Bainistíocht Láithreáin agus Dramhaíola |
| | Scéim Iasachta Carbhán |
| **29/11/2023** | |
| | Tionscadal *Steam* do Leanaí an Lucht Siúil |
| | Miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin. |
| | Dul Chun Cinn an Chláir TAP |
| | Meastachán Bliantúil ar Theaghlaigh an Lucht Siúil 2023 agus Sonraí ó Dhaonáireamh 2022 |
| | Tuarascáil ar Shábháilteacht Dóiteáin |
| | Bainistíocht Láithreáin agus Dramhaíola |
| | IHREC |
| | Aon ghnó eile |

# Gradaim na Comhairle 2023

- Bhuaigh Tionscadal Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliatha LIFE (DURL) gradam ESRI-Éire ar son Rath Bliantúil Feiceálach sa chatagóir Bainistíocht agus Bailiú Sonraí dá nIarratas TF um Measúnú ar Mhícheangal Tí.

- Bhuaigh tionscadal Bhóthar Rochtana Chaisleán na Gráinsí Thiar Gradam Airgid na Moltóirí sa chatagóir um thionscadail Innealtóireachta Sibhialta ag Gradaim Sármhaitheasa na hÉireann sa Tógáil 2023.

- Bhuaigh Téamh Ceantair Thamhlachta Gradam Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann faoin gcatagóir Athrú Aeráide. Cuireadh ar an ngearrliosta muid le haghaidh:

  - Voices of Ukraine (Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht) The Street;
  - Kick starting the Tallaght Innovation Quarter (Athbheochan Uirbeach),
  - Balgaddy Better Block Event (Féile na Bliana),
  - Teenspace Programme (Sláinte & Folláine), Dublin Mountains Community
  - Tionscnamh Seandálaíochta (An Oidhreacht & An Timpeallacht Thógtha),
  - An Straitéis Bonneagair Ghlais 2022-2028 (Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe),
  - Tionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath (Timpeallacht Inbhuanaithe & Bithéagsúlacht),
  - Pictiúrlann Sightless Tamhlacht (Na hEalaíona a Bhuanú)

- Bhuaigh Foireann Pleanála CCÁCT faoi dhá chatagóir ag Gradaim Phleanála na hÉireann:
- 
  - Áit oibre na bliana
  - Taighde agus nuálaíocht (le haghaidh sonraí ar an toirt)

  Agus moladh go hard iad faoi na trí chatagóir seo a leanas:

  Déanamh pleananna (don phlean forbartha)
  Athghiniúint uirbeach (le haghaidh réimse poiblí Thamhlachta)
  Gníomhú ar son na hAeráide agus an bhithéagsúlacht (don fhachtóir maidir le spás glas)

- Bhuaigh foireann Seirbhísí Fóillíochta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas an Gradam Spóirt agus Áineasa ag Gradaim Ghnó Chontae Bhaile Átha Cliath Theas 2023.

- Bhuaigh Scéim Teasa Ceantair Thamhlachta an Gradam don Mhargadh Fuinnimh i gCeantar atá ag Teacht Chun Cinn sa Bhruiséil, an Bheilg

- Fuair Comhairle Contae Átha Cliath Theas Gradam Moladh Speisialta dár Spásanna Súgartha Inrochtana ag Gradam Cathracha Rochtana an Aontais Eorpaigh.
- Cuireadh an Chomhairle ar an ngearrliosta freisin sa 'Ghradam um Chomhionannas Míchumais a Chur Chun Cinn' sna Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, a bheidh ar siúl i mí Feabhra 2024.

- Bhuaigh Páirc Chorcaí, Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin, Páirc Sheáin Bhreathnaigh, Páirc Thigh Motháin agus Páirc Bhaile Uaitéir Gradaim an Bhrait Ghlais in 2023.

# Tuarascáil Bhliantúil Dul Chun Cinn an Phlean Chorparáidigh 2020 – 2024

Táscairí don dul chun cinn ar an bPlean Corparáideach.

## Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta

### Cuspóir 1: Timpeallacht ghnó ina bhfuil tacaíocht le fáil a choinneáil

- Cheadaigh Coiste OFÁ um Meastóireacht agus Ceaduithe Bhaile Átha Cliath Theas 27 tionscadal agus leis sin cruthaíodh 47 post lánaimseartha nua go díreach agus an cumas ann 217 post ar an iomlán a chruthú thar thréimhse trí bliana.
- Ceadaíodh 93 Dearbhán Trádála Ar Líne chun cuidiú le gnólachtaí beaga a láithreacht trádála ar líne a fhorbairt nó a fhás, rud a bhí níos mó ná ár sprioc 55 a leag Fiontraíocht Éireann síos.
- Chuir OFÁ clár oiliúna iomlán ar fáil ina raibh 98 cúrsa, agus ar ar fhreastail 1,442 rannpháirtí.
- Faoinár sprioc-chláir oiliúna, chuir 24 cliant an clár spriocdhírithe i bhforbairt ceannaireachta agus straitéise i gcrích; ceadaíodh 21 tionscadal le haghaidh tacaíocht chomhairliúcháin faoin gClár náisiúnta Green4Micro; ceadaíodh 20 cuideachta le haghaidh an chláir LEAN, agus cuireadh cúig chlár i gcrích go hiomlán agus tá 15 fós ag dul ar aghaidh; agus bhí 15 chuideachta rannpháirteach sa chlár Tús Digiteach agus chuir naoi gcuideachta i gcrích é agus tá sé cinn fós ag leanúint ar aghaidh.
- Ceadaíodh 20 deontas um Chúnamh Teicniúil le haghaidh Micreaspórtálaí (TAME) do ghnólachtaí in earnálacha mar éadaí agus déantúsaíocht, bia, leictreonaic, agus teicneolaíocht leighis.
- Rinneadh 669 sannachán meantóireachta ar gach earnáil ghnó lena n-áirítear airgeadas, na meáin shóisialta/margaíocht, agus bainistíocht ghnó.
- Ceadaíodh 20 tionscadal le haghaidh tacaíocht airgeadais tríd an gCiste Tacaíochta Gnó.
- Lean líonraí gnó a fuair tacaíocht ó OFÁ ag leathnú agus mhéadaigh ballraíocht NEWS (Líonra de Mhná atá ag gabháil don Fhiontraíocht i mBaile Átha Cliath Theas) go dtí 445 agus SCENE (Líonra Gheilleagar Cruthaitheach Bhaile Átha Cliath Theas) go dtí 207 comhalta. Bhí clár iomlán imeachtaí ar siúl ar feadh 2023 don dá líonra. Bhí imeacht réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan, imeacht suaitheanta ar siúl in Óstán Maldron, Tamhlacht, agus d’fhreastail os cionn 240 banfhiontraí air.
- Bhí ár Seachtain Fiontair Áitiúil 2023 ar siúl sa Mhárta le OFÁ Bhaile Átha Cliath Theas ag óstáil 16 imeacht, lena n-áirítear Gradaim Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas agus bhuaigh High-Res Lighting an gradam foriomlán. As sin rinne siad ionadaíocht ar Bhaile Átha Cliath Theas sna Gradaim Fiontair Náisiúnta agus bhuaigh siad Gradam Réigiúnach Bhaile Átha Cliath Theas.

- Bhí dhá cheann déag de na gnólachtaí ceardaíochta agus deartha is fearr atá tagtha chun cinn i mBaile Átha Cliath rannpháirteach sa Taispeántas Cruthaitheach de chuid Showcase Ireland 2023, ceann de na seónna trádála idirnáisiúnta is mó in Éirinn.
- Bhí Craobhchomórtas Contae Chlár Fiontair Scoláirí Bhaile Átha Cliath Theas OFÁ ar siúl sa Mhárta in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Tamhlacht, agus bhí thart ar 620 scoláire as 20 scoil páirteach sa chlár bliantúil.
- Cuireadh staidéar indéantachta maidir le táirgeadh bia i gcrích ag léiriú an éilimh atá ar spás táirgthe bia laistigh den Chontae, agus bhí cúig chuideachta bia i mBaile Átha Cliath Theas i measc 18 gcuideachta a d'fhreastail ar an Aonach Sainbhianna agus Mórbhianna 2023, chun cuidiú lena ngnó na chéad chéimeanna a ghlacadh isteach sa mhargadh easpórtála.
- Cuireadh tógáil an Ionaid Nuálaíochta nua de chuid WorkIQ ar fiú €16 milliún é i gcrích. Beidh 60 gnólacht ag obair sa tsaoráid 2,980 $m_2$ seo d'fhiontraithe, cuideachtaí nuathionscanta, agus FBManna agus é le hoscailt go hoifigiúil ag tús 2024.

### Cuspóir 2: Tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach agus dhúchasach sa Chontae agus cur leis an infheistíocht sin

- Bliain mhór eile a bhí inti i dtéarmaí na forbartha a tharla laistigh de Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí, agus leithéidí Amazon, Microsoft, Pfizer, Interxion, agus Grange Backup Power Ltd. i mbun obair thógála ar an suíomh.
- Bhí éileamh ar láithreáin i gcónaí laistigh de Chaisleán na Gráinsí agus ceadaíodh diúscairt Alt 183 le haghaidh láithreán 85 acra le haghaidh Novo Nordisk, a thaisc iarratas pleanála ina dhiaidh sin le haghaidh saoráid chógaisíochta a bhfuil cinneadh le déanamh maidir leis in R1 2024.
- Bhog forbairt pháirc na meán atá beartaithe ag Lens Media céim níos gaire nuair a ullmhaíodh iarratas pleanála dó, agus é sin le cur isteach i mí Eanáir 2024.
- Ullmhaíodh Máistirphlean Chaisleán na Gráinsí agus bhí soláthar ann chun suas le 12,000 post a chruthú le clár céimnithe chun cuidiú lena chur i bhfeidhm. Cuireadh an dearadh mionsonraithe don dara céim de Bhóthar Rochtana Chaisleán na Gráinsí Thiar i gcrích freisin, agus coinne leis go dtosófar ar an obair thógála ag tús 2024.
- Cuireadh Máistirphlean sa Dara Loc Déag faoi bhráid na Comhairle ina raibh soláthar le haghaidh forbairt úsáide measctha chun tacaíocht a thabhairt le ceathrú nua eacnamaíoch, cultúrtha, agus sóisialta a chruthú.
- Chuir Mountpark iarratas pleanála isteach freisin le haghaidh saoráidí nua lóistíochta ar mhórscála ar a mbeidh rochtain trí Chaisleán na Gráinsí Thiar.

### Cuspóir 3: Ár Sócmhainní a bhainistiú chun tacaíocht iomlán a thabhairt don Fhorbairt Eacnamaíoch

- Cuireadh an ceathrú seastán ag Staid Thamhlachta i gcrích go substaintiúil inar cuireadh staid 10,000 suíochán ar fáil a chuirfimid chun cinn anois mar ionad ceoil, féilte, turasóireachta, pobail agus le haghaidh imeachtaí eile.
- Bhí ríméad orainn freisin Foireann Náisiúnta Ban na hÉireann a óstáil le haghaidh dhá chluiche dúshláin idirnáisiúnta a bhí lán go doras in aghaidh na Saimbia (22 Meitheamh) agus in aghaidh na Fraince (6 Iúil) ag Staid Thamhlachta, sular imigh siad chun a bheith páirteach i gCorn an Domhain FIFA na mBan 2023 san Astráil agus sa Nua Shéalainn.

- Chuireamar comhaontú i gcrích chun Teach Leamhcáin agus tailte isteach leis ina bhfuil 30 acra a fháil ó rialtas na hIodáile. I ndiaidh na hinfheistíochta straitéisí sin i stair, oidhreacht, agus luach áineasa na maoine, agus sa cheantar áitiúil agus sa Chontae, ullmhófar máistirphlean dá úsáid amach anseo nuair a chuirfear an díolachán i gcrích in 2024.

### Cuspóir 4: An méid a chuireann na hEalaíona, na Leabharlanna, an Oidhreacht agus an Ghaeilge le heispéireas cultúrtha na saoránach agus na gcuairteoirí a uasmhéadú

- Ba bhliain rathúil eile a bhí in 2023 dár Leabharlanna, le breis is 60,000 ball ar fud an líonra brainse, ag tabhairt faoi bhreis is 1.3 milliún idirbheart agus 858,102 duine tar éis cuairt a thabhairt orainn, agus bhí 7,443 imeacht ar siúl freisin, rud a tharraing os cionn 123,000 duine go dtí ár leabharlanna.
- Seoladh an Plean Forbartha Leabharlainne 5 Bliana 'Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí', ag léiriú cur chuige straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag an tseirbhís leabharlainne. D'éirigh thar cionn leis an seoladh, agus d'fhreastail beagnach 2,000 duine ar Lá Spraoi don Teaghlach i Leabharlann Thamhlachta.
- Bhí Féile Leabhar Red Line ar siúl i mí Dheireadh Fómhair agus rinneadh comóradh le linn na féile ar gach rud a bhaineann le cúrsaí litearthachta agus bhí 42 imeacht ar siúl ar ar fhreastail 2,934 duine (suas ó 1,883 duine a d'fhreastail ar 56 imeacht in 2022).
- Leanamar den obair chun síneadh a chur ar an líonra leabharlainne agus aithníodh an láithreán is ansa chun Leabharlann Iarthar na Cathrach a fhorbairt tar éis próiseas tairisceana. Bíonn Leabharlann Bhaile Phámar oscailte ar an deireadh seachtaine anois freisin ó mhí Dheireadh Fómhair. Rinneadh dul chun cinn freisin ar Leabharlann Bhaile Adaim atá beartaithe, agus coinne leis go gcuirfear iarratas pleanála isteach in 2024.
- Tar éis Think Big Space a sheoladh in 2022, chuidigh sé sin freisin le cur chuige fhoireann na leabharlainne a athmhúnlú agus rannpháirtíocht an phobail in oideachas digiteach a thabhairt isteach. Bhí os cionn 5,000 leanbh rannpháirteach sa tseirbhís nua seo trí cheardlanna i Róbataic Lego agus réaltacht fhíorúil, agus thug breis is 200 múinteoir, 30 scoil, agus 1,500 scoláire cuairt ar Leabharlann Thamhlachta arís ina dhiaidh sin.
- Thug 384,965 duine cuairt ar ionaid ealaíon agus ar ionaid tionóil sa Chontae.
- D'fhreastail 21,540 duine ar fud an Chontae ar Chlár Beo Bhaile Átha Cliath Theas, in ionaid, páirceanna, leabharlanna, ionaid bailte agus sráidbhailte, lena n-áirítear an Oíche Chultúir sa Cheathrú Chultúir, ar ar fhreastail 700 duine.
- Bhí os cionn 30 imeacht le haghaidh leanaí idir 0-13 bliana d'aois ag Féile Cheoil Leanaí Leamhcáin, Ruaille Buaille, le ceardlanna agus ceolchoirmeacha ar ar fhreastail 5,220 leanbh agus a dteaghlaigh.
- Trí Chlár Bhaile Átha Cliath Theas d'Éire Ildánach, chuireamar Cruinniú na nÓg ar siúl, an lá náisiúnta um chruthaitheacht leanaí, agus bhí 2,752 leanbh agus duine óg rannpháirteach.
- D'fhreastail 625 duine ar an iomlán ar *The Night Belongs to Us* le 105 léiriú ó dhaoine óga ag 19 imeacht i gcúig ionad.
- Fuair 29 ealaíontóir sparánachtaí chun a saothar a fhorbairt agus a chur i láthair agus bronnadh sé choimisiún Ealaíne Poiblí faoi In Context 5, ár gclár ealaíne poiblí faoin Scéim Per Cent for Art.
- Trí Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas, bhí 1,828 leanbh agus duine óg rannpháirteach i gclár oideachais ceoil taibhithe i scoileanna agus i moil cheoil sa phobal, agus d'fhreastail 2,000 duine ar an iomlán ar NOISE Music in DJ/déanamh buillí agus

ceardlanna fonnadóireachta a bhí ar siúl i scoileanna, leabharlanna agus in ionaid óige, tríd an gclár NOISE Music.

### Cuspóir 5: Straitéis Turasóireachta atá dírithe ar Fhorbairt Táirgí agus Brandaí Nua a chur chun feidhme

- Glacadh Straitéis Turasóireachta nua don Chontae, agus tugadh cuntas inti ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha chun an turasóireacht a fhorbairt i mBaile Átha Cliath Theas idir 2024 agus 2029, chun cur le tábhacht na turasóireachta don gheilleagar áitiúil, a thacaíonn le 3,600 post i láthair na huaire agus ag a bhfuil tionchar eacnamaíoch le chéile, idir dhíreach agus indíreach, de €342 milliún.
- Ceapadh sainchomhairleoirí le haghaidh máistirphlean Stáblaí Ráth Fearnáin agus roghnaíodh McHugh Group mar chomhpháirtí don tairiscint miondíola/fáilteachais ag Clós agus Stáblaí an Chaisleáin ag Ráth Fearnáin.
- Ceapadh sainchomhairleoirí chun dul i mbun oibre ar dhearadh agus ar fhorbairt mhionsonraithe Ionad Cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus coinne leis go gcuirfear tús leis na hoibreacha ar an tionscnamh suaitheanta turasóireachta sin in 2024.
- Fuarthas cead pleanála Chuid 8 le haghaidh Ionad Oidhreachta Thamhlachta i mí Dheireadh Fómhair agus ullmhaíodh plean deartha léirmhínithe mionsonraithe freisin don ionad, agus coinne againn leis go dtosófar ar an obair thógála in 2024.
- Thug 106,385 duine cuairt ar Ionad Cuairteoirí an Chloigthí. Seoladh an Siopa Dearaidh agus Ceardaíochta nua sa Chloigtheach i limistéar miondíola an ionaid le tacaíocht ó OFÁ Bhaile Átha Cliath Theas i mí na Nollag.
- Thacaigh Scéim Deontais le haghaidh Imeachtaí agus Féilte Turasóireachta le seacht n-imeacht le linn na bliana, lena n-áirítear Cispheil Dublin Masters, Cluichí Ceannais Waido 4 Nations i gcearáité agus BrickCon, a thug os cionn 2,500 cuairteoir chuig an gContae.
- Bhí Margadh Bia agus Ceardaíochta Faoin Spéir Pháirc Thigh Motháin ar siúl gach Satharn ó Bhealtaine go Meán Fómhair, agus thug suas le 21,800 duine cuairt ar an margadh le linn na tréimhse, lena n-áirítear os cionn 4,000 duine a d’fhreastail ar an Imeacht Bia agus Cultúir Idirnáisiúnta.
- D’fhill Margadh na Nollag Chaisleán Ráth Fearnáin ar an gContae i mí na Nollag agus thug os cionn 3,000 duine cuairt ar an margadh chun 40 trádálaí bia agus ceardaíochta a fheiceáil, mar aon le siamsaíocht bheo, agus maisiú na Nollag, agus cuireadh táirgí ceardaí áitiúla, bia, ceardaíocht, agus gnólachtaí áitiúla chun cinn.
- Seoladh Conair Siúlóide Shráidbhaile Reibiliúnach/Ráth Fearnáin i mí Aibreáin ag Músaem an Phiarsaigh, ag tacú leis an tsraith conairí siúlóide sa Chontae, lena n-áirítear Tamhlacht agus Cluain Dolcáin.
- Fuair sé iarratas ar dheontais tacaíocht faoinár Scéim Feabhsúcháin Aghaidh Siopaí.

## Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar

### Cuspóir 1: Pleanáil Straitéiseach le haghaidh Fás Athléimneach

- Tar éis dúinn Plean Forbartha an Chontae 2022-2028 a ghlacadh, rinneamar monatóireacht ar sheachadadh an phlean agus cuirfear tuarascáil monatóireachta le haghaidh ‘bliain a haon’ faoi bhráid na Comhairle go luath in 2024.

- Ullmhaíodh na léarscáileanna le haghaidh Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe, bhí comhairliúchán ar siúl maidir leo, agus cuireadh i gcrích iad.
- Tá an obair tosaithe ar Athbhreithniú ar Thalamh Fostaíochta ar fud an Chontae agus mar chuid de déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar gach talamh fostaíochta agus ar riachtanais ar fud an Chontae sa todhchaí.
- Cinneadh 854 iarratas pleanála, dúnadh 312 cás forfheidhmithe pleanála agus tógadh ceithre eastát tithíochta agus bóithre ar láimh.
- Amhail ó Ráithe 3 2023 bhí cead pleanála faighte le haghaidh 14,988 teach.
- Tugadh faoi chomhairliúchán neamhfhoirmiúil le haghaidh Plean Oidhreachta Contae agus tá an dréachtphlean á ullmhú faoi láthair le haghaidh comhairliúchán poiblí foirmiúil.
- Chuir Oifig an Rialálaí Pleanála, a bhfuil ról reachtúil aige maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar gach Údarás Pleanála, tús lena n-athbhreithniú ar Bhaile Átha Cliath Theas.
- Rinne an Chomhairle bogsheoladh ar ríomhphleanáil, ardán ar líne chun cur ar chumas iarratasóirí iarratais phleanála a chur isteach ar líne, rud a bheidh ar fáil go hiomlán do gach iarratasóir go luath in 2024.
- Bhuaigh ár bhfoireann phleanála roinnt gradam ag Searmanas Institiúidí Pleanála na hÉireann lena n-áirítear Áit Oibre na Bliana.

### Cuspóir 2: Áiteanna a nascadh trí thionscadail soghluaisteachta inbhuanaithe

Rinneamar dul chun cinn nach beag chun Clár Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas a sheachadadh agus rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú infheistíochta €22.3 milliún ar dhearadh agus seachadadh bonneagair nua taistil ghníomhaigh ar fud an Chontae. Cuireadh leis sin tuilleadh le maoiniú breise ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tráth ar sheachadamar 15km de bhealaí nua rothaíochta feabhsaithe agus 7km de bhealaí nua siúlóide, agus rinneamar dul chun cinn freisin maidir leis an obair dhearaidh le haghaidh 85km de bhealaí nua siúlóide agus rothaíochta feabhsaithe.

- Cuireadh na hoibreacha i gcrích ar Bhóthar na Gráinsí, Céim 4 de Ghlasbhealach Ghleann na Dothra, agus scéimeanna taistil ghníomhaigh Bhaile an Teampaill agus Bhóthar an Ghrífín.
- Cuireadh tús le hoibreacha freisin ar an láithreán ar Bhóthar an Tiníleach, Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, D24 - Céim 1, Bóthar Ros Mór, scéim tréscaoilteachta Bhaile Gadaí agus tionscadail réimse poiblí Lár an Bhaile i dTamhlacht.
- Cuireadh tús le hoibreacha feabhsúcháin sráideanna scoile ag roinnt scoileanna lena n-áirítear St. Marks in Achadh an Tobair, Scoil Maelruain i dTamhlacht, Coláiste Chillian i gCluain Dolcáin, chomh maith le Scoil Naomh Lorcáin agus Naomh Bríd i mBaile Phámar.
- Tar éis cead pleanála Chuid 8, tá conraitheoir faighte anois chun an síneadh ar Bhóthar Airton i mBaile an Chócaigh a sheachadadh agus cuirfear tús leis na hoibreacha ar an láithreán go luath in 2024.
- Ghlacamar le Plean Gníomhaíochta nua um Shábháilteacht ar Bhóithre agus rinneamar dul chun cinn maidir lena chur i bhfeidhm.
- D'oibríomar i ndlúthchomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le hIarnród Éireann ar an dearadh agus ar an bpleanáil le haghaidh bealaí nua Bus Connects sa Chontae agus ar na pleananna le haghaidh Scéim Iardheisceart DART+. Leis na tionscadail sin cuirfear feabhas mór ar leibhéal an iompair phoiblí a bheidh ar fáil ar fud an Chontae.

- D'oibrigh an Chomhairle agus Iarnród Éireann le chéile ar an uasghrádú ar stáisiún traenach na Ciseoige atá ann cheana agus ar an timpeallacht mháguaird ag Cluain Buiríosa agus cuireadh tús leis an obair ar an suíomh.
- Cuireadh suirbhé i gcrích ar na 170 droichead bóthair uile ar fud an Chontae agus tá conraitheoir ceaptha anois chun na hoibreacha uasghrádaithe a bhrú chun cinn ar cheithre dhroichead ar dtús sa chéad leath de 2024.
- Seachadadh ár gClár Oibreacha Bóthair go hiomlán lena n-áirítear 153 oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre agus ar chosáin le 14 thionscadal maolaithe tráchta agus 17 dtrasrian coisithe.
- Rinneadh uasghrádú ar 2,012 solas poiblí atá ann cheana go dtí soilse LED agus deisíodh 4,790 solas poiblí.

### Cuspóir 3: Braistint phobail a chur chun cinn in áiteanna éagsúla i mBaile Átha Cliath Theas tríd an timpeallacht thógtha

- Cuireadh tús le scéim feabhsúcháin Lár Cheantar Chaisleán Thigh Motháin ar an suíomh agus tá sé tugtha chun críche anois a bheag nó a mhór agus gan ach oibreacha curadóireachta deiridh fágtha.
- Tar éis cheadú Chuid 8, cuireadh dearadh mionsonraithe Shráidbhaile Leamhcáin i gcrích, agus táthar ag lorg conraitheora anois.
- Fuarthas cead pleanála Chuid 8 do Lár Cheantar Chnocán na Rós agus tá an obair ag dul ar aghaidh ar an dearadh mionsonraithe, agus seoladh comhairliúchán poiblí ar iarratas pleanála Chuid 8 le haghaidh tionscadal feabhsúcháin Lár Cheantar Bhánóige. Tá an obair dhearaidh á déanamh freisin ar thionscadal feabhsúcháin Lár Cheantar Bhaile an Dodaigh.
- Tionscnaíodh an próiseas chun Plean Forbartha an Chontae a éagsúlú le haghaidh cheantar Imeall na Cathrach *(City Edge)* agus cuirfear tús le comhairliúchán poiblí reachtúil i samhradh na bliana 2024.
- Bhí comhairliúchán poiblí neamhfhoirmiúil maidir leis na saincheisteanna agus na roghanna le haghaidh Phlean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin ar siúl agus fuarthas 700 aighneacht chun bheith mar bhonn eolais ag ullmhú an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil, agus cuirfear tús le babhta eile comhairliúcháin phoiblí go luath.
- I gCrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa, leanadh de na hoibreacha ar an tSráid Cheangail ó Dheas a fuair ceadú Cás Gnó ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus fuair 2,931 teach cead pleanála, agus tá 957 díobh sin críochnaithe nó á dtógáil.
- I gCrios Forbartha Straitéisí Bhaile Adaim, tá na tionscadail chaipitil ag Lána Tandy, Bóthar Ceangail Chill Droichid, Páirc Airlie, agus Plás Bhaile Adaim tugtha i gcrích le maoiniú ó DGLGH agus ón gComhairle agus cuireadh mionleasú chuig Scéim Pleanála SDZ faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Ceadaíodh 7,149 teach i mBaile Adaim, agus tá 5,029 díobh críochnaithe nó á dtógáil.
- Leanamar ag obair go réamhghníomhach le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar fhorbairt agus ar chur chun cinn chonair Oidhreachta Shléibhte Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear roinnt turas siúlóide, cainteanna sa phobal agus bróisiúir fógraíochta a ullmhú.
- D'éascaíomar caiteachas €40,000 trí Chiste na Struchtúr Stairiúil (DHLGH) chun uasghrádú a dhéanamh ar Shéipéal Naomh Lúcás, Ospidéal Peamount, agus €90,000 eile de

mhaoiniú Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha chun tacú le seachadadh sé thionscadal uasghrádaithe oidhreachta.

## Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Phobail

### Cuspóir 1: Tithíocht inacmhainne agus sóisialta ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal ar an riachtanas tithíochta ar fud an chontae

Leanadh den dul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta (HDAP) le seachadadh breis is 1,000 teach nua sóisialta agus inacmhainne thar gach sruth, lena n-áirítear 650 teach sóisialta nua atá críochnaithe a bheag nó a mhór trí chlár tógála na Comhairle féin, Cuid V, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus deiseanna lándéanta, soláthraíodh 418 réadmhaoin trí léasanna fadtéarmacha (lena n-áirítear tionscnaimh léasaithe spriocdhírithe) agus cuireadh 54 teach cónaithe nua inacmhainne ar fáil.

- I gCluain Buiríosa, cuireadh tús leis an tógáil ar 116 teach sóisialta agus inacmhainne ar Láithreán Leathnaithe na Canála. Tá tús curtha leis an bpróiseas tairisceana le haghaidh 266 teach laistigh den Chiseog agus tá pleananna ann freisin chun iarratais phleanála a thabhairt chun cinn le haghaidh 1,300 teach ar Chéimeanna 3-5, lena n-áirítear 120 teach faoin gcnuasach Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí ar ceadaíodh comhaontú Alt 85 le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina leith. Ina theannta sin, fógraíodh 25 teach inacmhainne le díol i mí na Samhna agus iad réidh le siúl isteach iontu, ó fhorbróir príobháideach.
- Seachadadh 103 teach sóisialta agus 29 teach inacmhainne faoi fhorbairt chomhfhiontair Chill Chairbre agus Céim 2 beagnach críochnaithe anois agus cuireadh tús le Céim 3 i mí Dheireadh Fómhair. Fógraíodh go raibh sé beartaithe 88 teach sóisialta agus inacmhainne a fhorbairt ar láithreán gar do láthair faoin díolúine shealadach pleanála Chuid 8 i mí na Nollag.
- Cuireadh tús leis an obair thógála ar an gcéad scéim costais cíosa aonair de chuid an údaráis áitiúil ina raibh 133 árasán ag Cearnóg Belgard Thuaidh.
- Deonaíodh cead pleanála le haghaidh forbairt tionacht measctha de 635 teach nua príobháideach, sóisialta agus inacmhainne i dtionscadal comhfhiontair Bhunchnoic Chill an Ardáin agus táimid ag obair lenár gcomhpháirtithe chun go dtosófar an obair ar an suíomh.
- Tar éis don fhoireann pleanála Plean Forbartha an Chontae a ghlacadh, chuir siad bailchríoch ar thuarascáil roghanna agus shainaithin siad leagan amach sainroghnaithe le haghaidh tailte atá faoi úinéireacht na Comhairle i Ráth Cúil, agus tá máistirphlean á fhorbairt le haghaidh iarratas pleanála ar thithíocht agus saoráidí spóirt ansin.
- Leanadh den obair ar fhorbairtí tithíochta ceadaithe Chuid 8 atá ann cheana agus leithdháileadh tithe cónaithe nua, cuireadh i gcrích iad nó rinneadh dul chun cinn orthu ag St. Marks, Teach Mealóg, Gort na Bealtaine, Achadh an Tobair, An Seanbhábhún, New Nangor Road, Baile an Fhaoitigh, Baile Gadaí, Homeville agus forbairt cóiríochta don Lucht Siúil i gCnoc an Fhuaráin. Rinneadh obair freisin ar fhorbairtí ceadaithe ag Faiche Naomh Aonghus, Ascaill Naomh Rónán agus Páirc na bPiarsach agus ní fada go dtosóidh an obair ag na suíomhanna sin.
- Sainaithníodh deich gcinn d'fhorbairtí tithíochta beartaithe do Chomhairleoirí le haghaidh na díolúine pleanála sealadaí Alt 179A le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus eisíodh fógraí i mí na Nollag le haghaidh suíomhanna i nGort an Rosaigh, Ráth an Deagánaigh agus i gCill Chairbre.

### Cuspóir 2: Bainistíocht, tacaíochtaí agus rialúcháin tithíochta sármhaith agus nuálach a chur ar fáil le haghaidh tionachtaí agus eastáit níos fearr

- Leanamar ag bainistiú agus ag coimeád ár stoic tithíochta ina bhfuil 9,835 agus 480 réadmhaoin léasaithe agus a fhaigheann tacaíocht in éineacht le 4,362 tionacht den Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus 816 tionacht den Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS).
- Rinneamar 668 leithdháileadh tithíochta lena n-áirítear 172 do theaghlaigh gan dídean tar éis 113,058 léiriú spéise a fháil trínár gcóras Ligin Rogha-Bhunaithe.
- Ceannaíodh os cionn 120 réadmhaoin nó chuaigh siad ar aghaidh chuig comhaontú díolacháin/tíolacadh faoin scéim fála tionónta in situ.
- Fuarthas 2,399 iarratas nua ar thacaíocht tithíochta sóisialta agus bainistíodh 205 iarratas ar choigeartú méide ó thionóntaí tithíochta sóisialta agus ó úinéirí tithe príobháideacha freisin.
- Rinneamar bainistiú agus thacaíomar le 1,046 teaghlach nua a tháinig faoi bhráid na Seirbhísí Gan Dídean agus osclaíodh mol nua tithíochta sóisialta i gCluain Dolcáin i mí Márta.
- Bhí cigireacht tosaigh le déanamh ar 1,619 réadmhaoin phríobháideach ar cíos.
- Ceadaíodh 436 deontas tithíochta príobháidí, agus cuireadh 139 oibreacha tithíochta sóisialta i gcrích chun iad a chur in oiriúint.
- Fuarthas 122 iarratas ar scéim Iasachta Tí na nÚdarás Áitiúil agus ceadaíodh €7.68 milliún roimhe sin d’iasachtaithe.
- Leithdháileamar 208 réadmhaoin athligin gach 26 seachtaine ar an meán. Cuireadh 163 uasghrádú tithe i gcrích faoin gClár Iarfheistithe náisiúnta i gcomhair Éifeachtúlacht Fuinnimh, agus uasghrádaíodh 235 teach eile faoin gClár Fuinneog agus Doirse.
- Osclaíodh ár nIonad Custaiméirí nua i gcomhair Tithíochta, agus tá 12,349 iarratasóir tithíochta agus tionónta cláraithe anois lenár gCóras Tithíochta Comhtháite. Bhainistíomar iarratais ar thithíocht inacmhainne agus sheolamar saoráid ar an gcóras freisin chun iarratas a dhéanamh ar dheontas tithíochta príobháidí.
- Fuarthas 15,760 iarratas ar chothabháil tithíochta agus rinneadh 11,640 deisiúchán.
- Tugadh faoi shuirbhé ar fud an chontae ar thithe folmha chun tacú lenár n-úsáid as maoiniú DHLGH chun úsáid a bhaint as tithe folmha arís agus fuarthas 56 iarratas ar Dheontas Athchóirithe Tithe Folmha, agus ceadaíodh 33 díobh.
- Tugadh isteach struchtúir nua bainistíochta eastát agus bhí 608 cruinniú réamh-thionóntachta ann, eisíodh 105 rabhadh tionóntachta de bharr iompar frithshóisialta, seirbheáladh 21 fógra tréigin, agus foirceannadh dhá thionacht déag.

### Cuspóir 3: Tionscnaimh ionchuimsithe, comhionannais agus idirghníomhaireachta a threorú le haghaidh pobail chomhtháite atá nasctha go sóisialta

- Leanadh de chur i bhfeidhm an Chláir Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta faoi threoir an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) a rinne maoirseacht freisin ar phróiseas tairisceana le haghaidh an Chláir nua SICAP, agus ar síníodh conradh don chlár nua i mí na Nollag dá bharr.
- Bhí 11 chruinniú ag an bhFóram Freagartha Pobail le linn na bliana agus díríodh ar sheirbhísí idirghníomhaireachta do Thairbhithe Cosanta Sealadaí agus d’Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta. Fostaíodh comhairleoirí seachtracha chun tabhairt faoi anailís ar riachtanais agus faoi thionscadal taighde le haghaidh Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.

- Fuarthas maoiniú €2.7 milliún faoin gCiste Aitheantais Pobail chun tionscadail a sheachadadh do phobail a raibh tionchar ag na daoine nua a tháinig isteach ina gceantar orthu, agus sainaithníodh 19 dtionscadal.
- Bhí a gcéad chruinniú ag Comhairle Bhaile Átha Cliath Theas do Dhaoine Scothaosta i mí Eanáir agus rinneadh dul chun cinn ar thionscnaimh i gcomhar le Comhaontas Aoisbhéúil an Chontae, lena n-áirítear imeachtaí sláinte agus folláine, páirceáil agus suíochán aoisbhéúil, boird chumarsáide i leabharlanna, an tionscadal 'Teachtaireacht i mBuidéal' agus tionscadail sábháilteachta agus slándála tithe.
- Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, agus pléadh seachadadh an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024, Plean Gníomhaíochta Comhionannais, an scéim Iasachta Carbhán, obair faoi fhochoiste bainistíochta eastáit/dramhaíola, sábháilteacht dóiteáin, oiliúint don Chóras Tithíochta Comhtháite, tionscadal STEAM agus seachadadh clós nua súgartha i gCuan na Dothra Bige.
- Bhí Lá Spraoi na Seirbhísí Poiblí ar siúl i mí Iúil i gcomhar le The Square agus An Garda Síochána chun comóradh a dhéanamh ar an obair a dhéanann soláthraithe seirbhísí riachtanacha ag ócáid shaor in aisce don teaghlach.
- Lenár nGradaim Scoláireachta i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath bronnadh €2,500 an duine ar 16 scoláire ó na scoileanna áitiúla i dtreo a gcostais tríú leibhéal agus €10,000 i dtreo na scéime sparánachta spóirt.
- Ainmníodh Comhairle na nÓg le haghaidh gradam Spiorad Pobail agus dá n-ócáid Comhairle Makes NOISE a bhí ar siúl in Amharclann an Phobail. Bhí a gCruinniú Ginearálta Bliantúil ag an mbord i mí Dheireadh Fómhair san Maldron Hotel le hionadaithe as meánscoileanna, cláir foghlama mhalartacha agus seirbhísí óige.
- Bhí cruinnithe den Chomhchoiste Póilíneachta agus den Fhóram Póilíneachta Áitiúil ar siúl ar feadh na bliana le ceithre Chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta (lena n-áirítear Coimisinéir na nGardaí a bhí i láthair i mí na Samhna), ceithre chruinniú de Choiste an Ghrúpa Stiúrtha JPC, cúig chruinniú d'Fhochoiste Drugaí JPC, ocht gcruinniú d'Fhóram Sábháilteachta Pobail Thamhlacht Thiar, dhá chruinniú phoiblí d'Fhóram Póilíneachta Áitiúil Chluain Dolcáin, 12 chruinniú de Shábháilteacht Pobail Chluain Dolcáin Thuaidh, ocht gcruinniú d'Fhóram Póilíneachta Áitiúil BÁC 12 agus na chéad chruinnithe póilíneachta áitiúla i Ráth Cúil agus i Leamhcán. Ina theannta sin, bhí 13 chruinniú den Fhóram Iompair ar siúl agus d'fhreastail Comhairleoirí, An Garda Síochána, Bus Átha Cliath, Go Ahead, Luas, Comhaltaí Tofa agus foireann na Comhairle orthu.

### Cuspóir 4: Contae sláintiúil, gníomhach agus rannpháirteach a threorú

- Bhuail an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil le chéile sé huaire agus chuir siad tús freisin leis an bpróiseas comhairliúcháin le haghaidh Plean nua Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail.
- D'fhreastail 130 duine ar cheardlanna rialachais le haghaidh boird bhainistíochta an ionaid pobail agus cumhdaíodh réimsí mar Tús Eolais ar Rialachas, Airgeadas agus Acmhainní Daonna. Seoladh an Ciste Tacaíochta Bainistíochta Ionaid Pobail ar fiú €750,000 é i mí Dheireadh Fómhair agus fuarthas 32 iarratas.
- Bronnadh 195 deontas pobail agus spóirt ar fiú €415,000 iad in éineacht le 23 deontas tionscadail samhraidh ar fiú €75,500 iad.
- Tugadh isteach an córas áirithinte ar líne don ionad pobail in 23 ionad, ag cuidiú le 37,000 duine úsáid a bhaint as saoráidí pobail.
- Tugadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar Theach Cúirte Ráth Cúil, agus leanadh den obair chun saoráidí pobail nua agus athchóirithe a sheachadadh ag Teach Scoile Theach

Sagard, Ionad Aoisbháúil Lóiste an Úlloird, Ionad Pobail Bhaile Gadaí agus Ionad Idirghlúine Thigh Motháin.
- Chuaigh na pleananna ar aghaidh le haghaidh Saoráid Phobail Iarthar na Cathrach, agus leanadh den obair rannpháirtíochta agus dearaidh áitiúil le haghaidh uasghráduithe ar shaoráidí pobail atá ann cheana ag Baile Uí Ruáin agus Ionad na Páirce.
- Fostaíodh sainchomhairleoirí chun seachadadh na páirce uile-aimsire a fuair ceadú Chuid 8 a bhainistiú ag Ionad Pobail Belgard agus tá an obair dhearaidh á déanamh ar Shaoráid Spóirt an Teampaill Ghil.
- Cuireadh ár bPlean nua Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp 'Baile Átha Cliath Theas Gníomhach' faoi bhráid na Comhairle i mí na Bealtaine agus i measc na dtionscnamh faoin bplean bhí cúinne nua Linn Snámha in Ionad Áineasa Chluain Dolcáin, tacaíocht leanúnach do ghradaim áitiúla sa spórt amaitéarach, tugadh isteach Bealach Trishaw i bPáirc Ghleann na Dothra agus an clár Box Up, chomh maith le bheith ag gabháil i gcónaí do chláir éagsúla le haghaidh rámhaíochta, snámh scoileanna agus an Dúshlán Bain Triail as Ceann.
- Ceapadh oibreoirí don Champas nua Áineasa i Leamhcán lena n-áirítear an linn snámha i Leamhcán atá le cur i gcrích go luath.
- Lean ár bhfoirne Éire Sláintiúil agus Sláintecare leis an obair faoi raon tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, ar shábháilteacht pobail (lena n-áirítear an Ciste Nuálaíochta um Shábháilteacht Pobail - an Tionscadal Generation Connections in Mac Uilliam), neamhionannais sláinte, feasacht maidir leis an díobháil a dhéanann cearrbhachas agus easnaimh maidir leis an bhfuil mhíosta. Thacaíomar freisin leis an gClár do Scoileanna Grow it Yourself, Clár Sláinte agus Folláine a bhíonn ar siúl ar fud líonra na n-ionad pobail agus scagadh sláinte pobalbhunaithe.

## An Comhshaol, Uisce, agus Athrú Aeráide

### Cuspóir 1: Contae ísealcharbóin inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh na haeráide a chruthú

I gcomhthéacs na ndúshlán domhanda amhail an ghéarchéim fuinnimh leanúnach agus tubaistí a bhaineann leis an aeráid, tá na ceithre phríomhsprioc dár bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide níos ábhartha ná riamh. Tá sé mar aidhm againn ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, dramhaíl fuinnimh a laghdú, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a ghearradh. Ach athléimneacht a fhorbairt inár gcórais chun cosaint a thabhairt in aghaidh teagmhas a bhaineann leis an athrú aeráide amach anseo cinnteofar go mbeidh muinín inár seirbhísí agus go mbeifear in ann brath orthu; agus trí leanúint ag obair lenár saoránaigh agus iad a chur ar an eolas faoin athrú aeráide cuirfear oideachas agus tabharfar cumhacht dár bpobail gníomhú ar leibhéal áitiúil. De réir mar a thugaimid an bhliain deiridh dár bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019-2024 chun críche, tá na 154 gníomh tugtha chun críche nó tá siad faoi lán seoil agus buaicphointí áirithe ag baint leo lena n-áirítear:
- Feabhas 40% ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid le bonnlíne 2006-2008 agus laghdú 31.5% ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018.
- Tús a chur le Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta a chuirfidh laghdú breise 1,500 tona ar astaíochtaí CO2 sa chéad chéim den scéim. Áiríodh leis sin na clocha míle a bhain le Halla an Chontae agus TUD Thamhlachta a aistriú chuig an scéim.
- Cluain Dolcáin a Roghnú mar Chrios Dícharbónaithe.
- Cuireadh breithmheas mionsonraithe i gcrích le haghaidh tionscadal PV gréine ag Líonadh Talún Bhaile Artúir.

- Forbraíodh Straitéis Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha inar sainaithníodh 14 shuíomh a bhfuil an cumas acu a bheith ina suíomhanna luchtaithe poiblí agus tá siad ag an gcéim soláthair anois agus tá Straitéis um Aistriú Flít againn ina leagtar amach ár gcur chuige cúig bliana agus deich mbliana.
- Ullmhaíodh na tairiscintí le haghaidh conarthaí feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgnimh mhóra atá faoi úinéireacht na Comhairle (Halla agus Leabharlann an Chontae, Amharclann an Phobail, Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin, Ionaid Áineasa Thamhlachta agus Chluain Dolcáin).
- Leanadh d'éascaíocht a dhéanamh ar bhealaí iompair phoiblí, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le daoine eile.
- Áirítear lenár bPlean Bainistíochta Móréigeandála fo-phlean le haghaidh teagmhais tuilte a mbíonn éigeandáil ag baint leo in éineacht le fo-phlean le haghaidh drochaimsir a bheith i bhfeidhm do Bhaile Átha Cliath Theas, agus bunaíodh seirbhís réamhaisnéise tuilte laistigh de Met Éireann agus rolladh amach í chuig Údaráis Áitiúla.
- Tá an obair ag leanúint ar mhórscéimeanna faoisimh ó thuilte le Scéim Faoisimh ó Thuilte an Teampaill Ghil atá á forbairt agus tá an obair dheartha agus tairisceana ag leanúint le haghaidh Scéimeanna Faoisimh ó Thuilte an Phoitéil agus na Camóige. Tugadh faoi thionscadail eile cothabhála ginearálta agus tuilte ar fud an Chontae, lena n-áirítear sa Chaisleán Nua, i Ráth Cúil agus i dTeach Sagard.
- Tógadh trí bhogach thógtha chomhtháite mar chuid de Thionscadal Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath LIFE (DURL).
- Tugadh tacaíocht do Chlár na Scoileanna Glasa agus bhain 26 scoil bratacha glasa breise amach i mí na Bealtaine agus thacaigh Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas le 18 ngnólacht faoin gClár Glas i gcomhair Gnó.
- Leanadh le rolladh amach na scairdeán uisce óil phoiblí agus 20 acu suiteáilte anois agus 14 eile ag an gcéim phleanála.
- Leanadh den tacaíocht do Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe ag obair i ndlúthchomhar leis an Meantóir SEC áitiúil.
- Seoladh an Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a sholáthróidh €1.07 milliún de mhaoiniú do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí pobail áitiúla thar thréimhse 18 mí ar dtús.
- Cuireadh comhairliúchán poiblí reachtúil ar siúl ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna ar Phlean Gníomhaithe nua ar son na hAeráide agus d'ullmhaigh an Chomhairle an dréachtphlean lena bhreithniú in 2024.

### Cuspóir 2: Feabhas a chur ar dhreach ár gcontae ar mhaithe le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

- Glacadh Plean nua Bainistíochta Bruscair 2023-2025 i mí Dheireadh Fómhair.
- Faoinár gClár Glantacháin Sráideanna glanadh 11,162 km de bhóithre agus bailíodh 10,438 tona dramhaíola.
- Cuireadh 80 scéim ar fáil leis an gClár Oibreacha Feabhsúcháin sa Réimse Poiblí agus leanadh den obair ar na hoibreacha feabhsúcháin aeistéitice den réimse poiblí le haghaidh bóithre isteach.
- Tugadh isteach clár nua cothabhála trí bliana le haghaidh 2023-2025 faoina ndearnadh cigireacht ar 7,436 crann, rinneadh prúnáil ar 3,953 crann, baineadh 696 crann agus 218 cearchaill agus cuireadh 751 crann.

- Mar chuid de thionscadail Chláir na mBailte Slachtmhara agus PURE (Timpeallachtaí Ardtailte agus Tuaithe a Chosaint) bhí tionscnaimh ar siúl cosúil le seimineáir eolais ar na Bailte Slachtmhara agus Caifé Deisiúcháin a cuireadh ar fáil laistigh de Bhailte Slachtmhara Chluain Dolcáin. Fuair deich gcinn de ghrúpaí Bailte Slachtmhara i mBaile Átha Cliath Theas tacaíocht €100,000 trí 3 bhabhta de mhaoiniú deontais ar feadh na bliana.
- Áiríodh leis an gClár Oideachais Comhshaoil 179 seisiún feasachta aeráide/comhshaoil agus leis an gclár oideachais cuireadh raon clár scoileanna ar fáil amhail Múiríniú don tSeachtain Éiceolaíochta do Scoileanna, Faisean Athláimhe agus comórtais.
- Chuidigh an Scéim Creidmheasanna Sóisialta chun 43 imeacht nua glantacháin a sholáthar, 27 tionscadal nua beag tírdhreachaithe agus 21 tionscadal nua feabhsúcháin péinteála.
- D’eagraigh grúpaí Bailte Slachtmhara, cumainn áitritheoirí agus oibrithe deonacha eile glantacháin áitiúla rialta agus bhí thart ar 5,000 imeacht glantacháin ann, agus eisíodh 350 mála bleibíní agus 180 pas Conláiste Cathartha le haghaidh Oíche Shamhna.
- Bhí soláthar sa Chlár Reiligí le haghaidh 600 láthair nua a chur le Bóthar na Bruíne agus tá tairiscintí á lorg le haghaidh Balla nua Colmlainne a thógáil i Reilig na hEascrach.

### Cuspóir 3: Tacú le Líonra Bonneagair Ghlais ar fud an chontae chun spás comhroinnte a chur ar fáil le haghaidh úsáid taitneamhachta, áineasa, cosaint bithéagsúlachta, bainistiú tuilte agus oiriúnú don athrú aeráide.

Rinneamar dul chun cinn chun an clár caipitil don réimse poiblí a chur ar fáil trí pháirceanna breise a fhorbairt, saoráidí áineasa agus spóirt, trí thacú lenár bpleananna le haghaidh Baile Átha Cliath Theas Gníomhach, agus cuireadh 21 saoráid/conláiste i gcrích agus osclaíodh don phobal iad lena n-áirítear:

- Páirc Airlie nua i mBaile Adaim lena n-áirítear páirc uile aimsire 3G, pailliún athraithe, caifé, cúirteanna leadóige, spásanna spraoi agus páirc cruicéid.
- Páirc uile aimsire 3G agus uasghrádú ar an bpáirc spraoi i bPáirc Sheáin Bhreathnaigh.
- Spásanna súgartha ag an Seanbhábhún, Teach na Giúise agus Gort na Silíní agus spásanna do dhéagóirí ag Abhainn Bheag (Limistéar Cluichí Ilúsáide), Páirc Bancroft (spás gníomhaíochta agus cruinnithe), An Eiscir, Páirc an Ghrífín (Céim 2 den spás gníomhaíochta agus cruinnithe), Coill an Rí agus an Tiníl, tionscadal rannpháirtíochta poiblí ag an Seanbhábhún (spás súgartha do lapadáin) agus Spás súgartha ag Páirc Thigh Motháin (saoráidí inrochtana agus gnéithe den súgradh céadfach breise).
- Pumpraon BMX agus raon lúthchleasaíochta ag Páirc Ghleann na Dothra in Achadh an Toir.
- MUGAnna leathchúirte ag Páirc Ráth Cúil, Páirc Sheáin Bhreathnaigh agus Páirc Chluain Dolcáin.
- Cúirteanna nua/uasghrádaithe leadóige agus cispheile i bPáirc Ghort na Feá agus i bPáirc Ghleann na Dothra.
- Rúid aclaíochta Mhic Uilliam timpeall ar fhaiche mhór le cur crann.

Tá móroibreacha forbartha páirce á dtógáil ag Páirc Chorcaí, Páirc Chill an Ardáin agus Sruthán Bhaile an Fhaoitigh, agus i measc na dtionscadal atá ag céim na tairisceana tá Céim 2 de Pháirc Choill Tobair, Páirc Ráth Miontáin, Páirc Ghleanntáin an Choiréil, Páirc Chuidbhricht, limistéar traenála cruicéid i bPáirc Thigh Motháin, uasghrádú ar Chlós súgartha Choillte Leamháin, agus uasghráduithe éagsúla ar pháirceanna féir atá ann cheana.

- Leanadh den dul chun cinn ar Phlean Gníomhaíochta Pailneora CCBÁCT agus an limistéar cuise do bhliantóga agus cuise bláthaithe ghearr á shíneadh go 165 ha. Tá staidéar indéantachta ar Dhíleá Anaeróbach á dhéanamh ina bhfuil scrúdú á dhéanamh ar an gcóireáil a dhéantar ar ghearrthacha féir agus táirgeadh bithgháis as sin.
- Tá an rannóg Réimse Poiblí ag cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí sa Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht i limistéir thuaithe agus uirbeacha araon trí Phlean Pailneora CCÁCT, Straitéis Bonneagair Ghlais, Cur Mion-Choillearnaí, agus Beartas Crann.
- Méadaíodh an clúdach ceannbhrait crann sa Chontae trí chur i gcrích an chláir ceadaithe chun 2,500 crann a chur ar fud an Chontae in 2023/24. Cuireadh 12 Mhion-Choillearnach san áireamh i gClár 2024.
- Agus an bonneagar glas á chur ar fáil trí Thionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath, tá trí ICW curtha i gcrích agus feabhas tagtha ar chaighdeán an uisce iontu. Taispeántar leis na torthaí go bhfuil laghdú 90% ar E. coli, laghdú 80% ar amóinia agus laghdú 70% ar fhosfáití.
- Ceadaíodh an Beartas Garraí Scóir ag Cruinniú na Comhairle i mí Aibreáin 2023. Cuireadh 446 Garraí Scóir ar fáil, agus tá 30 garraí scóir nua á bhforbairt i bPáirc Graydon sa Chaisleán Nua.

### Cuspóir 4: Riachtanais Rialála, Ceadúnaithe agus Forfheidhmithe a bhainistiú, lena n-áirítear Comhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse

Rinneadh dul chun cinn maidir le seirbhísí réamhghníomhacha bruscair agus dramhaíola a chur ar fáil chun ardchaighdeáin glaineachta a bhaint amach sa Chontae.

- Rinneadh 11,000 cigireacht faoi Phlean Bliantúil RMCEI 2023.
- Rinneadh 1,157 patról bruscair agus 2,270 iniúchadh dramhaíola nach cinn chaighdeánacha iad, agus eisíodh 412 fíneáil bruscair agus tháinig 35 duine os comhair na cúirte.
- Bailíodh 506 tona dramhaíola ó bhoscaí bruscair sráide agus bailíodh 5,168 tona dramhaíola ó dhumpáil neamhdhleathach freisin.
- Rinneadh 117 iniúchadh ar láithreáin dramhaíola ceadaithe.
- Tá Cód Cleachtais nua á chur i bhfeidhm chun Ceamaraí TCI / Úsáid Gléasanna Soghluaiste Taifeadta a oibriú.
- I measc na dtionscnamh frithdhumpála bhí tarscaoileadh tochtanna a chuir 913 tocht ón sruth dramhaíola le hathchúrsáil agus bailíodh os cionn 6.5 tona de leachtanna guaiseacha tí.
- I measc na dtosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta bhí dramhaíl teaghlaigh agus tráchtála, Tionscnaimh Freagrachta Táirgeora, Feithiclí agus miotail Ré Caite, Dramhaíl Tógála agus Scartála agus Dul i nGleic le hOibreoirí Dramhaíola Neamhdhleathacha.
- Cuireadh conradh nua Athchúrsála Gloine i bhfeidhm.
- Rinneadh 167 imscrúdú ar Láithreáin Thréigthe agus fuarthas láithreán ag Faiche St Mark agus fuarthas cead ón mBord Pleanála chun ceithre theach a fháil ag Ardán Mhaoilruain.
- Agus comhlíonadh leis an reachtaíocht um Rialú Capall agus Rialú Madraí á bhainistiú agus á fhaire, gabhadh 30 capall, agus cuireadh 508 madra sa tearmann madraí.
- Leanamar ag cur an Chomhaontaithe Seirbhíse i bhfeidhm le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Sholáthraíomar an plean seirbhíse bliantúil i seirbhísí uisce agus fuíolluisce faoin gComhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann, agus rinneadh 535 deisiúchán ar an líonra uisce.

- Seachadadh go rathúil clár beart 2023 le haghaidh an Phlean Bainistíochta Abhantraí.
- Rinneadh dul chun cinn ar ghníomhaíochtaí Thionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath in 2023. Rinneadh measúnuithe ó dhoras go doras in os cionn 7,750 teach maidir le mícheangail ar thángthas orthu i 600 teach, agus 980 fearas mícheangailte ba shiocair leo. Cuireadh 84% díobh sin ina gceart agus tá an chuid eile á ndéanamh go fóill.
- Cuireadh Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn do Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm i gcomhar le húdaráis áitiúla eile agus rinneadh dul chun cinn ar an obair ar Bhabhta 4 den Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn in 2023. Rinneamar faireachán ar cháilíocht an aeir agus chuireamar moltaí i bhfeidhm ó Phlean Cáilíochta Aeir Réigiún Bhaile Átha Cliath, agus sáraíodh torthaí PM10 uair amháin ag an Seanbhábhún gan aon sárú ag Leamhcán.

## Cumas Eagraíochtúil agus Cuntasacht

### Cuspóir 1: Tacú le ról beartais agus ceannaireachta na gcomhairleoirí chun rialtas áitiúil éifeachtach a chur ar fáil.

- Fuair 125 cruinniú den Chomhairle, den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, den Choiste Limistéir, Coiste um Beartais Straitéiseacha, agus coistí eile den Chomhairle tacaíocht le 1,357 tuarascáil le Mír Cheannteidil curtha ar fáil, agus tugadh freagra ar 1,742 Ceist agus Rún de chuid Comhairleoirí.
- Tugadh tacaíocht don Mhéara trí Oifig an Mhéara agus rinneadh bainistiú ar an dialann agus ar phrótacail, agus seachadadh tionscnaimh shonracha de chuid an Mhéara.
- Leanadh ag craoladh cruinnithe iomlána na Comhairle ar an ngréasán agus tugadh isteach craoladh ar an ngréasán freisin do chruinnithe an Choiste Limistéir in 2023.
- Thogh an Chomhairle an Méara nua, an Comh. Alan Edge, agus an Leas-Mhéara an Comh. Yvonne Collins ag an gcruinniú bliantúil i mí an Mheithimh.
- Fuair cúig chruinniú de Chácas Ban Bhaile Átha Cliath Theas tacaíocht le himeachtaí agus oiliúint a cuireadh ar siúl ar feadh na bliana lena n-áirítear Imeacht le haghaidh Lá Idirnáisiúnta na mBan agus rannpháirtíocht le *Women's Collective Ireland* agus *See Her Elected.*
- Chomhaontaigh an Grúpa Beartais Chorparáidigh na cláir oibre do na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus an straitéis le haghaidh bhuiséad 2024. Bhí ról maoirseachta freisin ag an nGrúpa Beartais Chorparáidigh maidir le clár oibre na Comhairle a ullmhú agus maidir leis na prótacail maidir le Gradaim Chathrach agus Bratacha a chur i bhfeidhm.

### Cuspóir 2: Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar ina gcaitear le gach úsáideoir seirbhíse le dínit, urraim agus comhionannas

- Cuireadh ár nDualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí ar fáil ar líne mar fhíseán léirmhínithe i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) agus cuirfear ateangairí ISL ar fáil le haghaidh cruinnithe agus imeachtaí inmheánacha agus poiblí ionas gur féidir le baill den phobal bodhar a bheith rannpháirteach.
- Déantar cinnte go bhfuil doiciméid uile na Comhairle inrochtana, comhionann agus i mBéarla simplí.
- Seoladh an leabhrán “Do Vóta Do Ghuth - treoir sholéite maidir le vótáil” ar Lá Idirnáisiúnta na mBan.
- D’óstáil an Chomhairle Ionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (CEUD) / imeacht comhairliúcháin de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais le bheith mar bhonn eolais do na

Treoirlínte nua i nDearadh Uilíoch le haghaidh saoráidí um Athrú Áite a chuideoidh le comhlachtaí poiblí rialacháin nua a chur i bhfeidhm i mí an Mheithimh.

- Bhí Make Way Day 2023 - “Hey, this blocks my way!” ar siúl i mí Mheán Fómhair chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis na deacrachtaí a bhíonn le réiteach ag daoine faoi mhíchumas ina bpobail áitiúla agus bhí clár éagsúil imeachtaí ar siúl le linn na Seachtaine Náisiúnta Inrochtaineachta 2023 agus chuir Lá Idirnáisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumas chlabhsúr leis na himeachtaí an 3ú Nollaig. Bhain ár Spásanna Spraoi Inrochtana Gradam um Lua Speisialta amach ag Gradaim Chathracha Inrochtana na hEorpa.
- Foilsíodh ár dTuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2023 agus léiríodh Bearna dhiúltach Pá idir na hInscní de -9.92%, ag léiriú go bhfuil meán-thuillimh na mban uile sa Chomhairle 9.92% níos airde ná meántuillimh na bhfear san eagraíocht.
- Seachadadh na Straitéise Claochlaithe um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus Seirbhísí Digiteacha trí sheachadadh tionscadal digitithe leanúnach. I measc na bpríomhchloch-mhílte ina seachadadh bhí rolladh amach na Seirbhíse Tithíochta Ar Líne agus aistriú na seirbhísí do chustaiméirí agus na foirne ó Sheirbhísí do Chustaiméirí go dtí Tithíocht. Cuireadh athchóiriú an Ionaid Custaiméirí i gcomhair Tithíochta i gcrích, agus osclaíodh an t-ionad go hoifigiúil i mí Iúil. Dúnadh na hionaid um sheirbhís do chustaiméirí coicís ina dhiaidh sin, agus cuireadh tús le hoibreacha athchóirithe ar an tSlí Dhála i mí Mheán Fómhair, agus iad le cur i gcrích go luath in 2024.
- Cuireadh na hathruithe ar cheanglais fógraíochta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 – 2021 i bhfeidhm in 2023 in éineacht le prótacal nua maidir le gearáin i nGaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus soláthraíodh oiliúint don fhoireann ábhartha ar fad.

### Cuspóir 3: Cultúr rialachais láidir a chothú san eagraíocht.

- Rinneadh an Creat Rialachais Chorparáidigh a chur chun cinn, a bhainistiú agus a fhaire ar bhonn corparáideach lena n-áirítear an Creat um Eitic, tuairisciú ar Thabhartais Pholaitiúla do Chomhairleoirí, Clár Alt 142 um Íocaíochtaí agus Tinreamh Comhairleoirí agus Clár Alt 141 um Íocaíochtaí agus Tinreamh Comhairleoirí ar chomhlachtaí seachtracha, tuairisciú ar Nochtuithe Cosanta, Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí agus comhlíonadh le ceanglais an Achta Brústocaireachta, chun a chinntiú go ndéantar gnó uile na comhairle ar bhealach trédhearcach. Rinneadh athbhreithniú ar athruithe reachtacha, agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú.
- Tacaíonn an Creat um Thuairisciú Feidhmíochta Corparáidí le luachanna na cuntasachta, na trédhearcachta agus luach ar airgead freisin, lena n-áirítear tuarascáil mhíosúil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don Chomhairle agus táscairí feidhmíochta míosúla agus deaiseanna digiteacha, Tuarascáil Bhliantúil 2022 agus Plean Soláthair Seirbhíse 2023. Seachadadh achoimre ghrafach de Phlean Soláthair Seirbhíse 2023 do gach teaghlach, gnó agus scoil sa Chontae trí Nuachtlitir an tSaoránaigh le linn an tsamhraidh.
- Ullmhaíodh Táscairí Feidhmíochta an Rialtais Áitiúil le haghaidh CCÁCT, lena bhfoilsiú go náisiúnta agus thug an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta faoi anailís le haghaidh 2022.
- Cuireadh ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta ar bun in 2023, agus fuair siad tacaíocht ón aonad um Iniúchadh Inmheánach agus óna chlár oibre.
- Tugadh isteach córas nua éileamh maidir le Lamháltas Ionadaíochta Áitiúil agus leis sin iarradh athruithe nach beag ar an bpróiseáil a dhéantar ar gach éileamh agus rianaire nua ar líne agus iarradh go gcuirfí na Comhairleoirí uile faoi oiliúint agus go dtacófaí leo.

- Leis na hathruithe soláthair tugadh isteach Córas nua OGP le haghaidh ríomhthairiscintí ónar theastaigh oiliúint agus tacaíocht shuntasach don aonad Soláthair agus ón aonad sin chun a chinntiú go ndéantar gach fógra nua a uaslódáil agus a fhoilsiú i gceart.
- Cuireadh plean soláthair 2021 – 2023 i bhfeidhm lena n-áirítear cruinnithe démhíosúla den Ghrúpa Stiúrtha, cothabháil leanúnach ar an mbunachar sonraí conarthaí agus ar an bpíblíne soláthair, seiceálacha comhlíontachta agus soláthar oiliúna, comhairle agus faisnéise don fhoireann.
- Díríodh go mór ar Chosaint Sonraí agus ar Rialachas Faisnéise i gcónaí in 2023 agus ceapadh Oifigeach nua um Chosaint Sonraí atá cáilithe go gairmiúil chun oibriú leis an mbainistíocht i gclár suntasach oibre chun aghaidh a thabhairt ar phríomhréimsí riosca na heagraíochta agus chun oibriú leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i gcás inar gá.

### Cuspóir 4: Muinín an phobail a neartú trí chumarsáid éifeachtach agus rannpháirtíocht saoránach a sholáthar

- Rinneadh bainistiú agus cuireadh i bhfeidhm athruithe a cheanglaítear faoin Acht um Athchóiriú Toghchán 2022 in éineacht le forbairt leanúnach ar Voter.ie le haghaidh réigiún Bhaile Átha Cliath, agus ar chlár oibre chun córas náisiúnta a dhéanamh de, rinneadh an obair sin uile ar feadh na bliana.
- I gcomhar le trí cinn de na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, seachadadh feachtas múscailte feasachta do shaoránaigh thar bhealaí éagsúla sna meáin agus d'éirigh thar cionn leis. Bhí roinnt imeachtaí clárúcháin ag an gComhairle freisin ag an Lá Spraoi Seirbhísí Pobail agus in TU Bhaile Átha Cliath i dTamhlacht, chomh maith le feachtais fógraíochta sna meáin áitiúla.
- Chuir 187 duine isteach ar an tionscnamh €300,000 Have Your Say le haghaidh Tamhlacht-Ó Dheas agus Teach Sagard agus cuireadh 22 tionscadal ar an ngearrliosta agus chinn beagnach 10,000 vóta deich dtionscadal bhuacacha, a fógraíodh ag ócáid i nGort an tSrutháin i mí an Mheithimh.
- Foilsíodh eagráin an tsamhraidh agus an gheimhridh de *South Dublin County Today*, nuachtlitir na Comhairle, agus dáileadh eagrán an tsamhraidh ar gach teaghlach, scoil agus gnó sa Chontae i mí an Mheithimh.
- Bhí #YourCouncilDay ar siúl i mí an Mheithimh agus mar chuid dár rannpháirtíocht bhí físeáin ghearra ann chun aird a tharraingt ar an obair a dhéanann ar nOibrithe díograiseacha sa Chomhairle ina gcuid róil éagsúla.
- Seachadadh feachtais chumarsáide agus múscailte feasachta ar feadh na bliana, mar shampla Mí na Feasachta maidir le hAilse Chíche, Spraoi Sábháilte faoi Shamhain, imeachtaí um Lasadh an Chrainn Nollag agus Féile Gheimhridh na Soilse.
- Rinneadh forbairt agus cothabháil leanúnach ar shuíomhanna gréasáin na Comhairle agus bainistíodh na comhairliúcháin uile tríd an tairseach Comhairliúcháin.

### Cuspóir 5: Cumas eagraíochtúil a fhorbairt le tacú go gníomhach chun cuspóirí an Phlean Chorparáidigh agus an chláir athchóirithe rialtais áitiúil a bhaint amach.

- Déantar pleanáil straitéiseach an lucht oibre a leabú le fostú na bhfoirne bainistíochta uile ar fud na heagraíochta. Cuireann pleanáil an lucht oibre bonn eolais faoi fhorbairt Straitéis Daoine agus Straitéis Foghlama agus Forbartha na Comhairle.
- Eagraíodh beagnach 400 imeacht agus clár oiliúna agus forbartha foirne lena n-áirítear 293 cúrsa oiliúna agus cláir éagsúla meantóireachta agus cóitseála, freastalaíodh ar

chomhdhálacha agus an Scéim Cúnaimh le haghaidh cúrsaí foirmiúla oideachais. Seoladh Clár Ionduchtúcháin nua i mí an Mheithimh chun tacú le hionduchtú níos fearr fostaithe nua.

- Earcaíodh 139 ball foirne nua agus fuair 86 duine ardú céime le linn 2023 trí 58 comórtas a cuireadh ar bun, próiseáladh 1,430 iarratas, bhí 61 agallamh ar siúl i dtréimhse 148 lá agus cuireadh 736 iarrthóir faoi agallamh agus tacaíodh leis an gClár Céimithe WAM (Meantóireacht Toilteanach Ábalta *Willing Able Mentoring*) i gcomhpháirtíocht le AHEAD.
- Forbraíodh clár Oiliúna d'Oibrithe Ginearálta i gcomhar le tionscnamh de chuid an Bhoird Oiliúna Oideachais ag tairiscint deis cheart do dhaoine óga idir 18-23 bliain d'aois ar ghairm bheatha agus a chuireann oiliúint agus taithí ar fáil i róil oibríochta éagsúla.
- Leanadh de chur i bhfeidhm Straitéis Nuálaíochta na Comhairle 2022 – 2024 lena n-áirítear Nuachtlitir a chur le chéile, agus an 5ú bliain de Ghradaim na Seachtaine Nuálaíochta agus Nuálaíochta Foirne.
- Leanamar ag forbairt ár gcomhpháirtíochtaí leis na hollscoileanna i réigiún Bhaile Átha Cliath, ag obair leo chun Comhairle Contae Átha Cliath Theas a chur chun cinn mar rogha fostóra agus chun tacú le mic léinn taithí oibre phraiticiúil agus stuama a fháil trí chláir intéirneachtaí sna réimsí seo a leanas: Gnó, Ailtireacht Tírdhreacha, disciplíní Pleanála agus Cumarsáide, agus mic léinn ag freastal air ó TU Baile Átha Cliath agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Chuir an Fóram Faisnéise agus Comhairliúcháin rannpháirtíocht fostaithe agus dea-chleachtais bainistíochta athruithe chun cinn. Bhí sé chruinniú ar bun in 2023 agus i measc na n-ábhar a pléadh bhí an claochlú digiteach, pleanáil an lucht oibre, atheagrú iostaí, aistriú Uisce Éireann, obair chumaisc, an clár Oiliúna d'Oibrithe Ginearálta agus gníomhú ar son na haeráide.
- Tugadh tús áite do Shláinte agus Sábháilteacht na foirne agus rinneadh beagnach 400 cigireacht ar láithreáin ag gach láthair oibre agus bhí cruinnithe rialta Comhairliúcháin Sábháilteachta ag gach láthair oibre. Fuair an fhoireann bainistíochta tuarascálacha démhíosúla ón Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar na teagmhais a tuairiscíodh agus rinne maoirseacht iomlán ar chóras bainistíochta sábháilteachta na Comhairle.
- Leanadh de chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Folláine na Foirne le himeachtaí lena n-áirítear Lá Folláine san Áit Oibre, mí na Feasachta maidir le hAilse Chíche, Cláir Foirne um Scor den Tobac, Seimineár Sábháilteachta agus Folláine.
- Feasacht foirne agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta nua a tugadh isteach le linn 2023 agus monatóireacht leanúnach ar chás-dlí, lena n-áirítear an tAcht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 agus Rialacháin AE maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha, 2022.
- Bhí ceardlanna bainistíochta feidhmíochta ar siúl leis an bhfoireann sheachtrach agus le bainisteoirí líne as gach iosta, agus tugadh tacaíocht do bhainisteoirí freisin chun saoire bhreoiteachta agus asláithreacht a bhainistiú trí anailísíocht sonraí AD fheabhsaithe, tacaíocht chomhairleach, agus bileoga amhairc a tháirgeadh agus bearta eile.
- Tugadh tacaíocht do struchtúir le haghaidh Idirchaidreamh Éifeachtach leis an mbainistíocht agus le ceardchumainn i gcomhréir le cuspóirí na gComhaontuithe Cobhsaíochta don tSeirbhís Phoiblí trí chruinnithe IR míosúla, cruinnithe maidir le pleanáil lucht oibre gach ráithe agus freastal ag an WRC agus ag an gcúirt oibreachais nuair a ghabhann aighnis in olcas.

**Cuspóir 6: Úsáid na Comhairle as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chur chun cinn trí thionscnaimh shlána, nua-aimseartha agus chliste lena n-éascaítear eispéiris agus torthaí níos fearr i soláthar seirbhísí.**

- Rinneadh dul chun cinn ar ullmhú ár gcéad straitéis TFC eile don eagraíocht agus díreofar ar théamaí an chlaochlaithe dhigitigh agus ar réitigh dhigiteacha, ar chomhoibriú, rannpháirtíocht, scileanna, deaiseanna, túslíne, seaimpíní agus cibearshlándáil.
- Tá ardán feasachta slándála, oiliúna, agus fioscaireachta ionsamhlaithe ann chun cúnamh a thabhairt leis an dúshlán leanúnach a bhaineann le cibearionsaithe innealtóireachta sóisialta agus é a bhainistiú. Bhíomar rannpháirteach freisin i Cibear-Mhí an Aontais Eorpaigh i mí Dheireadh Fómhair agus cuireadh clár leathan gníomhaíochtaí cibearshlándála ar fáil don fhoireann.
- Coinníodh an timpeallacht TFC ar chaighdeán an-ard, agus chinntíomar gur coinníodh ár mbeartais slándála cothrom le dáta, ag freagairt d'fholáirimh maidir le bagairtí tríú páirtithe agus comhairle chomh maith le freagairt do theagmhais agus d'fholáirimh arna nginiúint ag an gcóras. Rinneadh forbairtí nach beag inár mbonneagar agus inár n-oibríochtaí TFC agus tacaíodh leis an obair chianda trí dheasc Citrix agus réitigh VPN. Díchoimisiúnaíodh sean-bhonneagar TFC agus fuarthas réidh leis, agus cuireadh rialú rochtana líonra i bhfeidhm. Rinneadh uasdátú ar bhonneagair éagsúla, agus úsáideadh cosaint bogearraí éirice agus soláthraíodh bainistíocht rochtana pribhléidithe chun rochtain chianda ó thríú páirtithe aitheanta a shlánú.
- Leanamar ag cothú acmhainneachtaí agus inscálaitheacht an néil le haghaidh ualaí oibre oiriúnacha. Cumasaíodh tacair shonraí spásúla bhreise ar ár gCórais Faisnéise Geografaí chun faisnéis ábhartha agus chaoithiúil a thabhairt don fhoireann in aonaid ghnó éagsúla, lena n-áirítear an ortafótagrafaíocht is déanaí atá ar fáil agus tacair shonraí *Geo-Building Intel* lena bhfeabhsaítear cumais spásúla na foirne in anailís agus i bpleanáil.
- Leanamar ag foilsiú sonraí oscailte le haghaidh réimsí oibre éagsúla agus d'fhoilsíomar mapáil torainn ina léirítear na leibhéil torainn i limistéir éagsúla den Chontae agus tionscadal suntasach ann féin é sin.
- Leanamar ag leathnú ár raon seirbhísí ar líne don phobal agus chuaigh an ríomhphleanáil beo agus rinneadh feabhsúcháin ar ár dtairseacha chun soláthróirí a chlárú, le haghaidh comhairliúchán poiblí agus ár dtairseacha tithíochta ar líne. Feabhsaíodh na saoráidí cuardaigh pleanála in éineacht le sreabhadh oibre feabhsaithe, réamhphleanáil, agus acmhainneachtaí deaise.
- Feabhsaíodh ár ndeais monatóireachta feidhmíochta i gcomhar leis na comhaltaí tofa.

**Cuspóir 7: Córais láidre bainistíochta airgeadais agus bainistíochta riosca a chur ar fáil.**

- Leanadh den obair Bainistíochta Fiachais a bhíonn ar bun againn agus bailíodh €9.5 milliún breise i bhfoirm rátaí tráchtála le linn na bliana rud a d'fhág gur bailíodh os cionn €141 milliún ar an iomlán, an méid is airde a bailíodh riamh agus rud a laghdaigh riaráistí go dtí thart ar €14.6 milliún, an méid is ísle ó bhí 2008 ann. Bailíodh os cionn €31.3 milliún i gcíosanna difriúla, sin méadú os cionn 10% ar an mbliain roimhe sin. Lean an ráta bailithe le haghaidh iasachtaí tithíochta ag feabhsú freisin agus tháinig laghdú 0.5 milliún go dtí €800,000 ar riaráistí iasachta.
- D'oibrigh an rannán Riarachán Rátaí go dearfach le Tailte Éireann (an Oifig Luachála roimhe seo) agus próiseáladh 51 luacháil bhreise le linn na bliana, rud a sholáthróidh maoiniú breise leanúnach amach anseo.

- Tháinig feabhas ar chórais airgeadais nuair a tugadh isteach córas nua buiséadaithe, cuireadh an modúl Iasachtaí Agresso i bhfeidhm agus tugadh isteach córas nua in ionad an chórais Cárta Creidmheasa ar Luach Íseal.
- Rinneadh dul chun cinn freisin ar chláir Sócmhainní Seasta agus Árachais na Comhairle, rud atá cinniúnach ó thaobh sócmhainní na Comhairle a chosaint.
- I mí na Samhna, ghlac an Chomhairle Buiséad Ioncaim le haghaidh 2024 arbh fhiú €338,321,100 ar an iomlán é, sin méadú 10.5% ar an mbliain roimhe.
- Cuireadh an Clár Caipitil Trí Bliana 2024-2026 lena ngabhann caiteachas réamh-mheasta de €1,584,393,900 faoi bhráid na Comhairle i mí na Nollag.
- Ullmhaíodh Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022 faoin 31 Márta 2023 agus cuireadh na cuntais iniúchta agus an tuarascáil iniúchta faoi bhráid na comhairle agus an choiste iniúchóireachta ina dhiaidh sin.
- Tháinig méadú 34% sa bhliain ar íocaíochtaí a rinneadh le soláthróirí na Comhairle agus b’fhiú €380 milliún iad.
- Tugadh faoi athbhreithnithe agus uasdátuithe cuimsitheacha ar ár gClár Riosca i mí Feabhra agus i mí Iúil.
- Lean an rannán Airgeadais ag cur oiliúint agus tacaíocht ar fáil le haghaidh bainistíocht airgeadais, feidhmíocht agus tuiscint níos fearr ar fud na heagraíochta.

# Aguisíní

## Aguisín 1.1: RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

**Intreoir**

Táimse, Colm Ward, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil, arna ullmhú ag an Stiúrthóir Airgeadais, i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním leis seo go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Átha Cliath Theas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023, ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le ceanglais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi réir iniúchta sheachtraigh, a dhéanann iniúchóir den tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil, arb é is aidhm dó teacht ar thuairim neamhspleách maidir leis na cuntais agus a lua cibé a chuireann an ráiteas airgeadais bliantúil *staid airgeadais* an údaráis áitiúil i láthair ar bhealach *cothrom* agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse i gceist, agus cibé atá idirbhearta an údaráis áitiúil faoina meastar iad a bheith déanta.

Tugtar tuairisc sa Ráiteas ar ghníomhaíocht Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ó lá go lá agus é sin i bhfoirm Ráitis maidir le hIoncam agus Caiteachas Cuimsitheach, arna achoimriú de réir Rannáin. Tugtar cuntas sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais ar staid airgeadais foriomlán Chomhairle Contae Átha Cliath Theas amhail an 31 Nollaig 2023.

Léirítear sa *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* an caiteachas agus an t-ioncam ar ghnáth-reáchtáil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim a bhí ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas:

| | Bliain Reatha | An Bhliain Roimhe Sin |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Earraí & Seirbhísí | 63,743,793 | 55,918,104 |
| Deontais & Fóirdheontais | 95,938,862 | 88,386,883 |
| Ranníocaíochtaí Eile (mar is iomchuí) | 6,148,882 | 3,758,634 |
| Rátaí | 143,348,935 | 139,007,990 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 6,276,017 | 6,925,817 |

Is mar seo a leanas atá an ghníomhaíocht ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh 2023:

| | Bliain Reatha | An Bhliain Roimhe Sin |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam | 315,456,489 | 293,997,427 |
| Caiteachas | 260,195,033 | 252,038,021 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | 55,206,355 | 41,914,650 |
| Barrachas/(Easnamh) le haghaidh | 55,101 | 44,756 |
| Cúlchiste Ioncaim Tosaigh | 12,282,493 | 12,237,737 |
| Cúlchiste Ioncaim Deiridh | 12,337,594 | 12,282,493 |

Tháinig méadú €21,459,061 ar ioncam. Tháinig méadú €7,825,689 ar an ioncam ó Earraí & Seirbhísí, a tháinig go príomha ó ioncam méadaithe ó chíos agus Tobhach Iontrála Maoine. Tháinig méadú €7,551,979 ar ioncam ó Dheontais & Fóirdheontais mar thoradh den chuid is mó ar mhaoiniú tithíochta agus maoiniú breise a bhain le fuinneamh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tháinig méadú €4,340,495 freisin ar ioncam ó Rátaí.

Tháinig méadú ar chúlchiste Ioncaim deiridh na Comhairle de €12,337,594, sin barrachas €55,101 don bhliain. Léiríonn barrachais leanúnacha le roinnt blianta anuas tiomantas na comhairle a staid airgeadais láidir a choinneáil ar bun.

Léiríonn *an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain in éineacht le figiúirí comparáideacha le blianta eile de réir mar is cuí.

Áirítear leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna - bóithre agus tithíocht go príomha
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha- lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa Bhanc
- Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha- iasachtaí morgáiste agus iasachtaí nach morgáistí iad
- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

Bhí luach €4,119,016,479 de Ghlansócmhainní ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag deireadh 2023 agus is mar seo a leanas atá siad:

| | Bliain Reatha | An Bhliain Roimhe Sin |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sócmhainní Seasta | 3,455,636,442 | 3,414,698,273 |
| Oibreacha Idir Lámha | 205,252,370 | 126,043,801 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 212,538,294 | 195,063,900 |
| Sócmhainní Reatha | 613,470,962 | 537,330,804 |
| Dliteanais Reatha | 94,020,886 | 98,996,580 |

| | | |
|---|---|---|
| Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais) | 519,450,076 | 438,334,224 |
| Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain amháin) | 273,860,703 | 262,568,237 |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) | 4,119,016,479 | 3,911,571,960 |

Tugadh isteach *Ráiteas maidir le Sreabhadh Cistí* mar chuid de Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2011. Cé gur leanadh an treoir maidir le Ráiteas Sreafaí Airgid Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7, tá gnó na n-údarás áitiúil an-difriúil ó fhormhór eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe a dhéanamh ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeántar ciallmhar agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil.

**An Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais**

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Déantar an fhreagracht nó an cúram sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú cinnte a thabhairt go dtugtar cosaint do shócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimseofaí iad ar bhealach caoithiúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

**An timpeallacht rialaithe airgeadais**

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh na freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe nach beag a thuairisciú agus chun a chinntiú go dtógtar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann agus déanann sé athbhreithniú mar chuid dá chlár oibre ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- gur doiciméadaíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó
- gur ann do chórais arb é is aidhm dóibh slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- gur ann do chórais chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- gur ann do threoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí agus go bhfuil disciplíní bainistíochta tionscadal foirmiúla i bhfeidhm.

**Comhlíonadh soláthair**

Cinntíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas go ndírítear ar bhealach iomchuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscintí agus ceannach a dhéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta ann chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair ábhartha uile.

**Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta**

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas le lucht pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt scríofa. Faigheann a cuid oibre treoir trí anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil Comhairle Contae Átha Cliath Theas nochta agus bíonn a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas a dhéanann athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil an Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla atá ag coistí iniúchóireachta mar a leagtar amach in ailt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha agus ar nósanna imeachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh iad;
II. forbairt an dea-chleachtais i bhfeidhmíocht an údaráis áitiúil ar a fheidhm iniúchta inmheánaigh a chothú;
III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, ar thuairisc an iniúchóra nó ar thuairisc speisialta iniúchóra i dtaca leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhaíochtaí a ghlacann a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagra ar ráiteas nó tuairisc den sórt sin agus tuairisc a thabhairt don údarás sin maidir lena thorthaí;
IV. measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead maidir le feidhmiú fheidhmeanna an údaráis áitiúil agus na rudaí sin a chur chun cinn; agus
V. athbhreithniú a dhéanamh ar na córais atá á bhfeidhmiú ag an údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúchóireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs chuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu ó thaobh comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, an rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus nithe iniúchta mar chuid den athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúchóireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus sna nósanna imeachta rialachais i gComhairle Contae Átha Cliath Theas.

**An creat riosca agus rialaithe**

Chuir Comhairle Contae Átha Cliath Theas córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus iad a mhaolú, a mhéid is féidir.

Tá clár riosca chorparáidigh i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí agus ina ndéantar meastóireacht orthu agus tugtar grád dóibh de réir a méid. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár go minic agus tugtar cothrom le dáta é. Tá clár riosca ann freisin le haghaidh gach rannáin seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus uasdátú orthu sin go minic freisin.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha. Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí de na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí maidir le feidhmiú rialuithe d’fhoireann ar leith.

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais san áireamh sa dréacht-Thuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2023 agus ina dhiaidh sin beidh sé sa Tuarascáil Bhliantúil a fhoilseofar agus a ullmhóidh agus a ghlacfaidh an Chomhairle faoin 30 Meitheamh 2023.

Arna shíniú ag: Dar dáta:



______________________ ____________________

# Aguisín 1.2: Ráitis Airgeadais

